

|

Westward Ho!

|

Camchuairt na Gaillimhe, 1840–1950

Aistí Bailithe

|

|

Westward Ho!

|

Camchuairt na Gaillimhe, 1840–1950

Aistí Bailithe

Is clár imeachtaí bliantúil *Léamh Mór na Gaillimhe* (Galway's Great Read) a eagraíonn Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe i mí na Samhna gach bliain.

Tá de chuspóir leis oidhreacht, stair agus cultúr saineúil litríocht na Gaillimhe a chur chun cinn chomh maith le haird agus tuiscint a chothú ar a bhfuil de shaíocht agus d'ilghnéitheacht ag rith leis.



*Westward, ho! Let us rise with the sun, and be off to
the land of the West – to the lakes and streams – the
grassy glens and fern-clad glens gorges – the bluff
hills and rugged mountains – now cloud-capped, then
revealed in azure, or bronzed by evening's tints,*

Sir William Wilde, Lough Corrib, (1867)

Clár

Arna fhoilsiú ag:
Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, i gcomhar le Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Gaillimh, Éire.
2021

© Comhairle Chontae na Gaillimhe agus na hÚdair

ISBN 978-1-3999-1255-6

Eagarthóirí : Josephine Vahey agus Patria McWalter

Le cistíocht ó:
Éire Ildánach faoi Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 2018-2022

Dearadh: Pure Design Ltd.
Clódóireacht: A&T Print
Aistriúchán: Europus

Gach ceart ar cosaint
Rinne na hÚdair agus an foilsitheoir gach iarracht a chinntiú gur cruinn ceart an t-eolas a thugtar san fhoilseachán an tráth a bhfuil sé á chur i gcló; ní ghlacann na hÚdair ná an foilsitheoir le haon dlíteanas, maidir le páirtí ar bith agus déantar leis seo aon dlíteanas a shéanadh i ndáil le caillteanas, damáiste nó clúmhillleadh a d’eascródh as earráid nó easnamh cibé an mar gheall ar fhaillí, ar thimpiste, nó ar aon chúis eile a tharlódh earráid nó easnamh den sórt sin.

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Réamhrá 8

*Turas Siar; Sna Sála ag na Halls,
Wilde agus Hayward*
Jim Higgins 11

*An tSúil Impiriúlach agus an Turasóireacht i nGaillimh,
Taiscéalaíocht andúchasach Anna Maria & Samuel Carter
Hall sna 1840idí*
Amélie Dochy Jacquard 27

*Pictiúir Uiscedbatha de Ghaillimh a Rinne William Evans of
Eton agus Scríbhneoireacht Thaistil ón 19ú hAois*
Anne Hodge 43

Sir William Wilde, Ileolaí Vichteoiriach agus Scríbhneoir Taistil
Gerard Hanberry 57

Richard Hayward: Gaillimh agus Connachta
Paul Clements 69

Scríbhneoireacht Thaistil: Suirbhé Caoga Bliain
Paul Clements 81

Beathaisnéisí 92

Buíochas Speisialta 95

Réamhrá

Tá Léamb Mór na Gaillimhe 2021, faoin teideal *Westward Ho! Camchuairt na Gaillimhe, 1840–1950*, dírithe ar scríbhneoirí turasóireachta agus taistil ó lár an naoú céad déag go dtí lár an fichiú céad agus ar a gcuid saothair. Ó tharla srian lenár gcumas taistil féin i rith na bliana 2021, shocraigh lucht eagair *Léamb Mór na Gaillimhe* scrúdú agus cíoradh a dhéanamh ar roinnt de litríocht na dtaistealaithe mar atá ar coimeád i mbailiúchán leitheadach leabhar Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe. Roghnaíodh ina dhiaidh sin díriú go háirithe ar ábhar ó thriúr scríbhneoirí iontacha ar mhór an éagsúlacht a bhí eatarthu agus dul ina gcomhluadar trí Chontae na Gaillimhe ó ré na Banríona Victoria roimh aimsir an drochshaoil anall go dtí tús ré na Poblachta nua.

An chéad leabhar a roghnaíodh *Ireland: Its Scenery, Character* etc (1843) leis na Halls, an lánúin phósta Anna Maria (née Fielding) (1800-1881) agus Samuel Carter (1800-1889). An dara saothar *Lough Corrib, Its Shores and Islands: With Notices of Lough Mask* (1867) le Sir William Wilde (1815-1876), agus ar an tríú údar, tá Richard Hayward (1892-1964) a chuir *The Corrib Country* (1943) agus *Connacht and the City of Galway* (1952) ar fáil.

Ar an gcamruathar léitheoireachta trí shaothar na n-údar seo, tá treoir againn ó dhaoine léannta a bhfuil saineolas taighdeora acu ar ghnéithe éagsúla den litríocht taistil agus spéis faoi leith acu iontu. Ar an gcéad duine acu sin, tá an Dr Jim Higgins a thugann forléargas mion ar na húdair ar fad agus a phléann a gcuid saothair i gcomórtas le seánra iomlán litríocht na turasóireachta agus na híomhánna agus an t-ábhar ealaíne atá sna leabhair. Scrúdaíonn an Dr Amélie Dochy Jacquard, a bhfuil eolas diansaothraithe aici ar na Halls, a gcuid scríbhneoireachta agus a gcuid tuairimíochta agus cur síos ‘suaithinseach’ atá acu ar Ghaillimh, ar an taobh tíre agus ar na daoine.

Ar an gcéad duine eile, tagann Anne Hodge agus pléann sise an leas a bhaintí as obair ealaíne i dtús ré na gcuntas taistil. Treoraítear sinn ar thuras físe trí shaothar litríochta na Halls mar a fheictear i saothar uiscedhathanna an ealaíontóra William Evans as Eton.

Tá beathaisnéis shármhion Sir William Wilde á chur ar fáil ag Gerard Hanberry a bhfuil tuairiscí cuimsitheacha foilsithe aige ar Wilde, fear ildánach ilchumasach a raibh réimse leathan lena chuid foghlama. I ndeireadh báire, is é Paul Clements a phléann Richard Hayward, iléagsúlacht a shaoil agus a shaothair agus an mórshuntas a bhí leis i saol an chultúir i lár an fichiú céad in Éirinn.

Tá na cainteanna a thug Jim, Amélie, Anne, Gerard agus Paul maidir le *Westward Ho! Camchuairt na Gaillimhe, 1850–1940*, ar líne le héisteacht leo ar do shuaimhneas ar chainéal YouTube Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe. Ag gabháil leis na léachtaí léannta lán eolais, tá bailiúchán aistí againn ó na cainteoirí arna gcur i láthair san imleabhar seo Cnuasach Aistí. Tá aiste le cois sa bhailiúchán freisin le Paul Clements ina ndéantar plé ar chora nua agus ar athruithe a tháinig ar litríocht na gcuntas taistil ó lár an fichiú céad i leith.

Léirigh *Léamb Mór na Gaillimhe* 2021 scannán faisnéise freisin dar teideal *Westward Ho! Travel Writers Remembered*. Tugtar turas sa scannán trí cheantar Loch Coirib agus trí Chonamara ar na bealaí céanna a shiúil na Halls, Wilde agus Hayward go háirithe. Jim Higgins agus Michael Gibbons na treoraithe saineolais ar an gcamchuairt agus cuireann siad ábhar spéise agus spraoi i láthair ag trácht ar oidhreacht agus ar chultúr na Gaillimhe dóibh ar feadh an bhealaigh. Cuirtear scéimhe agus sceirdiúlacht na dúiche i láthair in *Westward Ho! Travel Writers Remembered* ag dul siar bóithre smaointe na scríbhneoirí taistil a rinne an turas romhainn.

Tá súil againn go mbaineann tú taitneamh as an gcamchuairt seo siar trí thráthanna a caitheadh agus trí réimse an-speisialta den chontae. Tá súil againn chomh maith go mealltar thú chun roinnt de na saothair atá luaite againn a scrúdú agus go mb’fhéidir go bhfuil fonn ort anois roinnt de na leabhair taistil eile atá ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe a léamh.

Josephine Vahey, Leabharlanna Feidhmiúcháin Cúnta
Patria McWalter, Cartlannaí



Anna Maria Hall (née Fielding): Samuel Carter Hall, blianta beaga roimh 1870, NPG x17234 (le caoinchead ón National Portrait Gallery, Londain)



Sir William Wilde, le J. H. Maguire, 1847



Richard Hayward (le caoinchead ó Paul Clements)

A bhar pléisiúir agus pribhléid a bhí ann athscrúdú a dhéanamh ar Chontae na Gaillimhe mar a bhí á fheiceáil do roinnt scríbhneoirí iontacha taistil mar chuid de *Léamh Mór na Gaillimhe* 2021. Ba mhéadú ar an bpléisiúr a bhí ann ó tharla go raibh srianadh ar an gcead a bheadh againn féin dul ar fálróid, ar seachrán nó ag fánaíocht le roinnt mhaith míonna anuas mar gheall ar phaindéim Covid-19. Cé go mba ‘chamchuaire’ i mo chónaí a bhí inti, b’abhar ríméid dul siar agus aniar bóithre móra agus bóithriní beaga Chontae na Gaillimhe ar feadh céad bliain agus níos faide idir 1840 agus 1950 sna cuntais a d’fhág triúr scríbhneoirí a raibh éagsúlacht mhór eatarthu ó thaobh stíle, cuspóra agus ábhair. B’fhearr arís an turas é mar gheall ar na modhanna éagsúla taistil, carr Bianconi agus carráiste a bhíodh faoi Anna Maria agus Samuel Hall, ag coisíocht agus ar stíméar Loch Coirib a bhíodh Sir William Wilde agus thapaíodh Richard Hayward gluaisteán, traein agus bád iascaigh – ag taisteal dóibh trí shráideanna na mbailte, réimsí fairsinge tíre agus bealaí iargúlta na Gaillimhe.

Is iomaí scríbhneoir a d’fhéadfaí a roghnú maidir le gnéithe éagsúla de na cuntais taistil ar Chontae na Gaillimhe, agus ar bhaile mór na Gaillimhe chomh maith. Chomh fada agus a bhaineann le clár *Léamh Mór na Gaillimhe* 2021, cloítear le grúpa beag; na Halls is luaith a scríobh, Wilde a d’fhág an dara cuntas agus is é Hayward an duine deireanach. Scríobh siad uilig tuairiscí spéisiúla spreagúla ar a gcuid taistil in Éirinn i saothair a raibh tóir agus éileamh orthu tráth a bhfoilsithe agus a bhfanann cuimhne orthu i bhfad ina dhiaidh sin. Chruthaigh gach duine de na húdair go maith i seánra na gcuntas taistil, *cé go bhféadfaí a rá gurb é* Sir William Wilde is fearr a bhí in ann plé le hiarsmaí ón seanreacht.

Cé mar a bheadh na leabhair a bhfuil trácht againne orthu le háireamh le canóin na gcuntas taistil in Éirinn? Faoi séú agus an seachtú aois déag, daoine ón iasacht a bhíodh ag scríobh cuntais ar Éirinn, Sasanaigh den chuid is mó, a thugadh tuairisc ar a bhfaca siad, ar a raibh gafa acu nó a raibh rún acu ceannas a ghlacadh air, agus arbh cuntas oifigiúil nó leathoifigiúil a bhíodh ina gcuid scríbhinní, ar an ngabháltas nó ar na daoine agus na hacmhainní a raibh dúshaothrú le hoibriú orthu go fóill. Cuntas mórshuntasach amháin ar Chontae na Gaillimhe a ndearnadh a chóipeáil agus a scaipeadh go forleathan i lámhscríbhinní ab ea ‘*A Chronological Description of West or h-Iar-Connacht*’ le Ruaidhrí Ó Flaithbheartaigh a scríobh seisean sa bhliain 1684 agus a chuir Séamus Ó hArgadáin in eagar don Irish Archaeological Society sa bhliain 1846 lena chur i gcló. Freagra a bhí ann ar scríbhneoirí ón iasacht, ar an gcaoi chéanna arbh freagra *Ogygia*¹, saothar eile de chuid an Fhlaithbheartaigh, ar thuairiscí míchruinne staraithe de chuid na Breataine ar stair na hÉireann. I saothar an Fhlaithbheartaigh, tá duine d’aos léinn dúchasach na hÉireann, fear staire agus annála, ag scríobh faoina dhúiche féin, faoi stair agus faoi sheanchas na háite agus faoi

ghnéithe topagrafaíochta. An cuntas taistil sin? Is dócha gurb ea sa mhéid agus go bhféadfaí turas a dhéanamh, ceantar agus ceantar i ndiaidh a chéile, áiteanna a scrúdú, cuairt a thabhairt ar láithreacha agus cuntas á léamh ar chúrsaí tíreolaíochta, ar fhásra, ar ghnéithe topagrafaíochta agus ar acmhainní ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na tuairiscí a thug scríbhneoirí ón iasacht i rith an 18ú agus an 19ú aois ar áiteanna ar thug siad cuairt orthu.

Ireland, Its Scenery, Character etc ², le Anna Maria agus Samuel Carter Halls an chéad leabhar a roghnaíodh. In Imleabhar III a thugtar cur síos ar cheantar na Gaillimhe. *Lough Corrib, its Shores and Island with Notices of Lough Mask* le Sir William Wilde a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 1867 an dara leabhar agus roghnaíodh freisin dhá leabhar de chuid Richard Hayward ina dtráchtar ar Chontae na Gaillimhe mar chuid den chíoradh seo ar chuntais taistil ó thús an 19^ú céad go dtí lár an 20^ú céad. Sa bhliain 1943 a foilsíodh *The Corrib County* le Hayward ar dtús agus sa bhliain 1952 a foilsíodh *This is Ireland, Connacht and the City of Galway*.

Foilsíodh “*Halls Ireland*”, mar a thugtaí air, sa bhliain 1842 den chéad uair ina chodanna. Ina shraith trí imleabhar a foilsíodh an dara heagrán, a raibh brollach nua leis, sa bhliain 1843. Ar cheann de na heagráin is fearr, tá an ceann a chuir How & Parson i gcló i Londain. Is cruinn an tuairisc “mixed travelogue and social commentary” mar a luaitear in *The Oxford Dictionary of National Biography*. Thiomnaigh na Halls eagrán na bliana 1843 do “*His Royal Highness, The Prince Albert*”.

Thug an lánúin cuairt na hÉireann cúig huaire ón mbliain 1828 ar aghaidh agus tá tábhacht agus suntas lena gcuntas ar an tír sular tharla an Gorta Mór. Tá tuairiscí eile ar fáil maidir leis an ré roimh aimsir an drochshaoil, mar atá an *Topographical Dictionary* ³ le Samuel Lewis, *A Tour in Ireland* ⁴ le Arthur Young agus an *Statistical Survey* ⁵ le Hely Dutton, nó go deimhin na cuntais taistil le Thackery, Barrow ⁶ nó Inglis ar gearr le tuairiscí eolaíochta iad i gcomórtas leis an stíl níos líofa agus níos éadroime a chleachtann na Halls. Cé gur gaire an chomparáid ó thaobh cur síos ar an taobh tíre agus ar mheon na ndaoine le scríbhneoirí iasachta ón ré céanna, leithéid William Makepeace Thackery in *The Irish Sketch Book* (1863) agus Henry Inglis in *A Journey Throughout Ireland During Spring, Summer and Autumn of 1834* ⁷, bíonn idir ábhar staitistice agus ábhar tuairisce ag na Halls ina gcuntas. Nuair a thugtar cur síos ar ‘*colleens*’ i saothar na Halls, taispeántar mná atá tréan tréitheach, suáilceach agus diongbháilte, daoine dícheallacha atá sásta agus ábalta féachaint lena gcuid a shaothrú ar bhealaí éagsúla de réir mar a oireann, nó níos minice ná a mhalairt, de réir mar is gá, ‘*Certainly Galway abounds in picturesque women. Their long graceful limbs move with so much ease...*’⁸.



Uaigh Wilde ag Reilig Chnocán Iaróm, Baile Átha Cliath

agus Hely Dutton i gcuimhne don léitheoir, dream dea-mhéin a raibh meon feabhsúcháin acu, a chuireadh agallamh ar na maithe agus na mór-uaisle, a d’fhanadh taobh istigh dá gcuid tithe féin ag machnamh agus ag moladh bealaí ina bhféadfaí torthúlacht, sonas, rachmas agus dul chun cinn a thabhairt i gcrích in Éirinn ach í a bheith níos cosúla leis an mBreatain. Rinne na Halls a gcuid taighde agus bhainidís leas as saothar scríbhneoirí den sórt seo mar bhunábhar chomh maith. Bhain siad sleachta agus ábhar léaráidí as saothar scríbhneoirí eile a chuaigh rompu, Barrow mar shampla, ar athinsint a thabhairt ar an téacs nó athleagan a dhéanamh de léaráid.

Sa bhliain 1867 a foilsíodh *Lough Corrib, Its Shores and Island; with Notices of Lough Mask* le Sir William Wilde den chéad uair. Foilsíodh an dara heagrán sa bhliain 1872. Is é a thugtar de chur síos san dá eagrán tosaigh sin ar an údar ‘*Sir William Wilde, M.D., Vice-President of the Royal Irish Academy. Chevalier of the Swedish Order of the North Star; Author of “Narratives of a voyage to Madeira and the Mediterranean”, “The Beauties of the Boyne”, “Catalogue of the Museum of the Royal Irish Academy” etc, etc*’.

Tá réimsí spéise Sir William Wilde le léamh ar leac na huaighe i Reilig Chnocán Iaróm i mBaile Átha Cliath mar a bhfuil sé adhlactha. Is gearr le beathaisnéis ghairid greanta i gcloch a thásc ansin, sárábhar spéise ag lucht topagrafaíochta agus ginealais. Bhí sé ina mháinlia agus ina dhochtúir súl ag an mBanríon Victoria féin, ina Ársaitheoir agus ina Oftailmeolaí, ina fhear seandálaíochta, eitneolaíochta agus beathaisnéise. Fear staidrimh a bhí ann chomh maith, staraí togagrafaíochta agus fear béaloidis.

Bhí na Halls ag scríobh roimh aimsir Theach na mBocht agus obair rilíf agus sula raibh córas an bhóthair iarainn go fairsing; ní raibh níos mó ná 23 míle de bhóthar iarainn ar fud na tíre ar fad nuair a tháinig siad i rith na 1840idí. Bhí siad tógtha go mór le hÉirinn, chuiridís an t-ábhar dóláis in iúl chomh maith leis an suairceas agus bhídís dóchasach maidir leis an araíocht dul chun cinn a bhain leis an tír. Ón tuiscint a bhí acusan, bhí feabhas ag tarlú in Éirinn agus sin mar gheall ar an gceangal níos dlúth leis an mBreatain ó ritheadh Acht an Aontais sa bhliain 1801. Bhí, ar bhealach, rath na hÉireann á fheiceáil dóibhsean agus is cinnte gurbh é ba mhian leo. Cuireann siad lucht staidrimh de leithéid Arthur Young

Cuireann Wilde fainic ar an léitheoir faoin rud nach bhfuil in *Lough Corrib*. Tugann sé cuntas maith freisin ar a bhfuil le fáil ag an léitheoir agus ar a chuid aidhmeanna féin: *‘We wish to take you, as intelligent tourists, with eyes to see and hearts to admire the beauties of nature; where the stately ruin or the cultured demesne bends harmoniously with the graceful outline of the surrounding landscape; where your architectural or antiquarian tastes may be gratified; your historic knowledge increased by the legend or the annal; your scientific inquiries into the geological structure and biological productions of the country obtain a wide scope; and the hitherto neglected resources of a portion of our island may be glanced at if not profoundly studied; and we hope to bring you back from your pleasant and cheap excursion on Lough Corrib in good health and spirits, pleased with the scenery and the inhabitants of the West, satisfied with our guidance, and better acquainted with an, as yet, undescribed district than you have heretofore by flying visits to this portion of the Emerald Isle’*.⁹

Tairgeann Wilde mar sin comhairle mhaith a chur ar an léitheoir maidir le hiarsmaí, *ábhar* seandálaíocht, finscéalta agus stair na n-annála, gnéithe geolaíocht agus bitheolaíochta an cheantair. Luann sé in *áit* eile i mbrollach an leabhair (l.iv) go raibh rún aige nótaí faoi chúrsaí zó-eolaíochta agus faoi bhéaloideas na ndaoine sa cheantar a chur sa leabhar ach nuair nárbh fhéidir sin a dhéanamh go raibh súil aige an t-*ábhar* sin a fhoilsiú arís. Maidir le hiarsmaí *ón* seanreacht is fearr é, ach b’amhlaidh an cás maidir le Hayward, a bhuíochas den chluais mhaith chun *éisteachta*. Bhí téarmaíocht Hayward maidir le cúrsaí ailtireachta agus ealaíne iomrallach nó míchruinn, ach níor *áitigh* sé féin gurbh shaineolaí é ar gach réimse.

Ar *éirigh* le Wilde a raibh de rún aige a chur i gcrích? Sílim gur bhain sé amach cuid mhór dá raibh i gceist. Tá an dáiríre agus an súgradh san *ábhar* agus neart breacléaráidí a bhfuil mealladh iontu ag léitheoirí fiosracha. Go deimhin, bheadh le tuiscint gurb iad na cuairteoirí *ón* mBreatain is mó a chuir sé roimhe a mhealladh, dream ar mian leis go mbeadh Éire mar atá sí dáiríre agus é ag scríobh an chuntais le feiceáil acu ionas go mbainfidís taitneamh as flúirse na ngnéithe seandálaíochta agus topagrafaíochta atá go fada fairsing chomh maith le háilleacht agus sceirdiúlacht an taobh tíre. Tá sé tíosach freisin agus *áitíonn* sé gur féidir *‘pleasant and cheap excursion’* a dhéanamh le turas trí lá as Londain don Chlochán, tríd an Líonán agus an Choill Mhór, agus ar ais abhaile ar chostas £6 ¹⁰.

Tá Wilde go maith chuig cur síos ar an taobh tíre agus fágann sé a raibh os a chomhair féin á fheiceáil agus á chloisteáil don léitheoir. Ní cheileann a chuid scríbhneoireachta mianach na heolaíochta san *údar* ach oiread! Tá sé an-tugtha do chúram na seandálaíochta maidir le hiarsmaí agus séadchomharthaí na hÉireann agus dá dtabhairt chun suntais. Ba ghrinn agus ba mhion a chuid tuisceana ar oidhreacht séadchomharthaí ar leith in *Éirinn* seachas mar atá le fáil in aon *áit* eile san Eoraip ná fiú amháin ar fud an domhain. Tá sé go mór ar son Éire dáiríre a bheith le

feiceáil ag an turasóir a chuirfeadh spéis inti agus cuireann sé go láidir in aghaidh an chineál ar a dtugann sé *‘shamroguery’* agus *‘Leprechaunism’*.

Treoirleabhar atá á chur ar fáil ag Wilde, áitíonn sé féin sin, agus ba mhaith leis go mór go bhfeicfeadh an léitheoir na séadchomharthaí ar fad atá leagtha amach aige ar an turas. Ní mian leis trácht fada a dhéanamh ar chúrsaí polaitíochta agus seachnaíonn sé a chuid tuairimíochta féin a nochtadh. Faoi mar a luann sé: *‘Our object is rather to interest the reader and tourist in the history, antiquities, and scenery of this portion of the West, than amuse him with tales respecting pigs, pipers, praties, or poteen; fools or fiddlers; bailiffs, bullocks, or buckeens; graziers, gaugers, or ganders; wayside waiters, with their dry jokes for the “gintlemen,” or wandering dancing masters, and poetasters, once so common in the West. . . We have nothing to say about priests or patterns; politics, peelers, or parsons; soldiers, soupers, or sauggarths; Young-Irelanders or old ones; Fenians or Repealers. There is still plenty of fun, frolic, and folklore in the West; but, for the present, we have no stories to relate about friars or fairies; and we have no opinion to obtrude upon you respecting tithes or tenant-right; High church or Low Church; Ultra-montanisam or Muscular Christianity; . . .’*¹¹

Chuir sé chuig *ábhar* béaloidis le meon na heolaíochta agus na teoirice, tríd is tríd, ach cé go luann sé i mbrollach an leabhair go raibh rún aige roinnt *ábhar* seanchais a chur ar fáil, ní raibh an t-am aige chuige sa deireadh. Ina ainneoin sin, tarlaíonn cumasc idir miotaseolaíocht agus béaloideas aige agus é ag féachaint le hiarsmaí faoi leith a cheangal le Cath Mhaigh Tuireadh, modh oibre ag an *ársaitheoir* nach móide ag teacht lena chuid eolaíochta.

Bhí athrú mór tagtha ar *Éirinn ón* am roimh an nGorta Mór go dtí an tráth a raibh *Lough Corrib* á scríobh ag Wilde, níos lú ná fiche bliain dár gcionn. Bhí na bóithre iarainn á gcur ar fáil go tréan. D’fhág bealach an Great Southern & Western Railway (GS&WR) idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ceangal ag an iarthar leis an gcuid eile den tír ó osclaíodh é i rith na 1850idí, ach níor tharla go dtí na 1890idí gur cuireadh bóthar iarainn as Gaillimh go dtí an Clochán i gConamara. Cé nár tharla athrú ó bhonn uilig, tháinig feabhas ar mhodhanna taistil ó ré na Halls go dtí ré Wilde.

Faoi dheireadh na 1880idí agus blianta tosaigh an fichiú céad, bhí treoirleabhair dá gcuid féin á bhfoilsiú ag roinnt de chumann an lucht léinn, mar shampla Cumann Ríoga *Ársaíochta* na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann, an Belfast Naturalists Field Club agus eile, maidir le turais allamuigh go dtí *áiteanna éagsúla* ar fud na tíre. I gcuid mhaith cásanna, bhí níos mó ná *údar* amháin i gceist leis an imleabhar agus dhéanadh baill *áitiúla* den chumann fónamh ina dtreoraithe chuig suíomhanna *éagsúla* ina réimse féin. Bhí siad sármhaisithe le breacléaráidíocht agus le grianghraif agus i bhfad chun cinn ó thaobh chaighdeán an *ábhair* ar threoirleabhair na bhfoilsitheoirí tráchtála (mar shampla Blacks, Murrays etc.) ach bhí siad á gcur de leataobh de

réir a chéile ina ainneoin sin idir tús an 20ú céad agus na 1940idí.

Bhí *údair* liteartha ag cur cuntais taistil maidir le hÉirinn ar fáil go fóill agus scríobh H. V. Morton mar shampla, an saothar *‘In search of Ireland’*¹² do lucht léite as an mBreatain den chuid is mó. Tá leabhar Morton ar cheann de na cinn ba luaithe a scríobhadh don ghnáthphobal ina dtugtar cuntas ar fhorbairt an tSaor-Stáit. Sa bhliain 1930 a foilsíodh den chéad uair é agus rinneadh athchló ocht n-uair is fiche idir sin agus an bhliain 1965. Thug scríbhneoirí de chuid na hÉireann faoi threoirleabhair chomh maith, Liam O’Flaherty¹³, Stephen Gwynn¹⁴ agus Padraic Colum ina measc.

Faoi na 1940idí, bhí margadh mór cotaithe do threoirleabhair taistil le scríbhneoirí iasachta a bhí dírithe ar an ngnáthphobal, agus ba é Richard Hayward, seachas aon duine eile, a dhírigh aird an ghnáthdhuine ar *Éirinn* le sraith fhada leabhar a foilsíodh idir na 1940idí agus na 1960idí.

Ar feadh dhá scór bliain nó mar sin, bhí amhránaíocht, taifeadadh, aisteoireacht agus scríbhneoireacht Richard Hayward go mór chun tosaigh maidir le bás na hÉireann. Chuir na leabhair taistil, agus a chuid saothair sna réimsí eile, meon caoin suáilceach i leith na hÉireann chun cinn don léitheoir aistreach lena dtaitníonn scéal maith ag gabháil leis an turasóireacht.

Ar bhealaí go leor, is gníomhartha *ábhar* scríbhneoireachta Hayward. Tá na téacsanna lom lán le scéalta aige mar a bheadh script scannáin. Tá sé go maith chuig scéalta a chur síos focal ar fhocal. Tá sé mar a bheadh Izack Walton¹⁵ ann maidir le háibhéil an iascaire agus mionscéalta grinn. Sa bheathaisnéis a d’fhoilsigh Paul Clements¹⁶ le gairid (agus in aiste eile san imleabhar seo chomh maith), léirítear ilghnéitheacht castacht an fhir.

Cé gur i Sasana a rugadh é agus go mbíodh sé san Ord Oráisteach, is díol suntais go minic an bhá atá ag Hayward le muintir na hÉireann maidir leis an dearcadh atá aige ar stair na tíre. Baineann sé *úsáid* as an gCló Gaelach nuair a chuireann sé logainm síos i nGaeilge. Déanann sé iarracht freisin aistriúchán a thabhairt ar logainmneacha agus sa Bhrollach a chuir sé le *The Corrib Country* (1943), gabhann sé buíochas leis an Ollamh R.A.S. Macalister agus le Liam Ó Briain, a chuidigh leis agus é ag plé le logainmneacha i nGaeilge. In *This is Ireland* agus *Connacht and the City of Galway*, glactar buíochas freisin le Michael Duignan agus R.A.S. Macalister, beirt a bhí chomh hoilte lena chéile ar an nGaeilge.

Baineann an t-imleabhar dár teideal *This is Connacht and the City of Galway* le sraith faoi *Éirinn*. Is leis an aon tsraith amháin freisin *Leinster and the City of Dublin*, *Ulster*, agus *In the City of Belfast*. Arthur Barker Ltd. a d’fhoilsigh *Connacht and the City of Galway* i Londain sa bhliain 1952.

Ag teacht leis na réimsí eile ealaíne a chleachtaíodh sé freisin, bhíodh nathanna cainte á mbailiú ag Hayward. Bhioraíodh a chluas nuair a chloiseadh sé leagan cainte an ghnáthdhuine i



In the Corrib Country, léaráid dhaite le J. Humbert Craig, tulmhaiseachán in Hayward: *The Corrib Country*, 1943

gceantar faoi leith cé go raibh ann freisin leaganacha agus nathanna as *áit* amháin a mheascadh le caint na ndaoine in *áit* eile. Chnuasaigh sé focail agus nathanna as Cúige Uladh a bheadh le foilsiú tráth ab fhaide anonn i bhfoclóir de nathanna den sórt sin.

Chleacht sé stíl na cuideachtúlachta, ionas go bhfuil compord agus caoithiúlacht le brath ar scéal a chuid turasóireachta gach *áit* ina ndearna sé taisteal. Sárshampla de sin an comhrá idir é féin agus Peter Foy, John Lydon agus Tom Nevin in *The Corrib County* (1943, ll.3-18) agus iad ag iascach ar Loch Coirib amach as Conga. Tá cluas chun *éisteachta* air maidir le caint Tom Nevin as Inis an Ghaill agus an cur síos atá aigesean ar bhunús ainm oileáin eile gar do láthair, Inis Seanbhotha (*The Corrib County*, 1943, l.19).

Téann sé thar fóir uaireanta le friotal agus le foclaíocht nuair nach mbíonn an chaint á cur i mbéal aon duine amháin faoi leith. I gcásanna den sórt sin, féachann sé le barr feabhais a shárú

agus bíonn cuma bréagchumtha ar na nathanna. Tráchtann Hayward féin ar an *áibhéil*: ““*That’s a great story altogether*” said Peter, as we made our way westwards across the lake towards Inchagoil. “*It was*”, said John, “*but I think the most of it was made up by the old fellow himself*”.

“*Like some of those big fish pulled out of Corrib when there’s no one about*”, said Peter slyly.”¹⁷

Is amhlaidh an cás maidir le roinnt den ‘nathaíocht’ a chuireann Hayward síos “*And, Yerra man, that’s how the Joyces came to Ireland*”.¹⁸ I mbéal Michael O’Halloran a chuirtear an chaint seo, a ‘genial man who lived in *America for many years*”, agus, de réir Hayward, “*whose exile did nothing but brighten his vast store of old tales and tellings that marks him down as a real dyed-in-the-wool Shanachie*”.¹⁹

Bítear in amhras ó am go chéile an gcuireadh an seanchaí culaith ghaisce ar ghnáthchaint ar mhaithe le Hayward nó an mbíodh Hayward ag cur leis an ‘begob and begarra’ ar mhaithe leis an bpobal léitheoireachta.

Tá an-tábhacht leis na léaráidí maisiúcháin sna leabhair leis na Halls, Wilde agus Hayward ó tharla blas na háite le fáil uathu agus go dtarlódh go meallfaidís léitheoirí go dtabharfaidís cuairt ar na ceantair a léirítear iontu. Bhain na Halls leas as saothar greanadóireachta le cuid mhór ealaíontóirí *éagsúla*, arna dtiomsú as foinsí *éagsúla* chomh maith, in *Ireland: Its Scenery and Character etc.* Bhí teacht acu ar roinnt mhaith saothar a foilsíodh roimhe sin ar an *Journal of the British Archaeological Association* agus ar an *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* mar shampla, ina meas léaráid de Theach an Mhéara i nGaillimh, saothar sceitseála de chuid F. W. Fairholt arna ghreanadh ag Armstrong (Uimh. 189 in imleabhar na Halls). *Áirítear* ar na sárshaothair ealaíne a foilsíodh cheana níos luaithe an léaráid de chuid W.H. Bartlett de Mhainistir Bhaile Chláir na Gaillimhe, saothar greanadóireachta de chuid Cousin (Uimh. 196.), saothar a bhfuil cur síos air sa leabhar “*Abbey of Clare, Galway*”.

Ba choitianta ag an am ag *údair* agus ag foilsitheoirí, greanadóireacht adhmaid, blocanna miotail agus mar sin de a bhabhtáil eatarthu, ar iasacht nó trína ndíol agus a gceannach, le cur i gcló ina gcuid leabhar. Is minic saothar sceitseála le W. F. Wakeman, a raibh iomrá air maidir le cúrsaí seandachta in *Éirinn*, in *úsáid* ag na Halls agus ag Wilde araon. Bhain siad leas freisin as péintéireacht bhreá uiscethathanna William Evans as Eton mar bhunábhar don saothar greanadóireachta. Teagascóir agus ealaíontóir uiscethathanna ab ea Evans (mar ab ea a athair, Samuel, roimhe sin) agus ba é an Máistir Líníochta é in Eton College idir 1814-1840. Thug sé cuairt go hÉirinn sa bhliain 1835 agus arís sa bhliain 1838, agus cheap sé saothar uiscethathanna in *áiteanna éagsúla* ar fud Chontae na Gaillimhe agus Chontae Mhaigh Eo, *áiteanna* i mbaile mór na Gaillimhe san *áireamh*. Chuir sé an t-*ábhar* seo ar taispeántas go minic ar fud na Breataine agus in *Éirinn*.



Buttermilke Lane, Gaillimh, William Evans
as Eton, NGI.2008.36.25, Grianghraf
© An Dánlann Náisiúnta

Bhí oiread den *ád*h orainn agus gur tháinig cuid mhór den phéintéireacht uiscethathanna a rinne sé in *Éirinn* slán agus gur cheannaigh an Dánlann Náisiúnta na pictiúirí sa bhliain 2008.

Mar a dhéanann na Halls, tugann Wilde (1867, ll. xviii-ix) liosta de na léaráidí breaclíníochta sa leabhar *Lough Corrib*, agus luann sé, mar a dhéanann na Halls, ní amháin an té a tharraing ach an té a rinne an bhreacghreanadóireacht freisin ar an saothar sceitseála. Cuirtear uimhreacha leis na léaráidí agus feictear go raibh roinnt mhaith ealaíontóirí a rinne fónamh do na Halls agus do Wilde chomh maith. Tá saothar líníochta dá chuid féin ag Wilde freisin a tugadh do dhaoine



Gleann Eidhneach, Conamara,
William Evans as Eton,
NGI.2008.36.11, Grianghraf
© An Dánlann Náisiúnta

eile leis an mbreacghreanadóireacht a dhéanamh. Luann sé i mbrollach an leabhair go bhfuil sé faoi chomaoín ag ‘*liberality of the Sir Benjamin L. Guinness, Bart.*,’²⁰ as urraíocht a dhéanamh ar an obair maisiúcháin, roinnt ar ghá blocanna a choimisiúnú, a cheannach nó a fháil ar iasacht lena n-aghaidh, sa chás nach raibh siad ar fáil cheana féin maidir le foilseacháin eile roimh ré.

Bhí athrú saoil tagtha maidir le maisiú leabhair faoin tráth a raibh leabhair Hayward á bhfoilsíú. Greanadóireacht le blocanna adhmaid nó le plátaí miotail a bhí i gceist i rith ré na Halls, luann Wilde leictreachló maidir le haon íomhá amháin (Wilde, l.ix), ach bhí ar chumas Hayward saothar ealaíne a coimisiúnaíodh go speisialta dá shaothar a chur mar mhaisiú lena chuid leabhar. Tá sárobair sceitseála Raymond Piper le peann luaidhe mar léaráidí in *This is Ireland: Connacht and the City of Galway* (1952). Fiú an saothar líníochta is lú agus is cúinge dá chuid, tá siad míinchumtha múscaíteach.

Tagann saothar ealaíne James Humbert Craig go breá réidh le téacs Hayward in *The Corrib County* (1943). Ba é Craig a rinne an obair mhaisiúcháin roimhe sin ar leabhair eile de chuid Haywards, *In Praise of Ulster* (1938) agus *Where the River Shannon Flows* (1940).

I mBéal Feirste a rugadh Craig (1877-1944) RHA, agus i gContae an Dúin a tógadh é. Bhíodh stiúideo aige i mBun Abhann Duinne i gContae Aontroma. Duine é a d’fhoghlaim an cheird go neamhspleách dá stuaim féin den chuid is mó cé gur fhreastail sé scoil ealaíne i mBéal Feirste ar feadh tamaill. Toghadh chun Acadamh Ríoga Uladh é. Ba mhinic an taobh tíre i gConamara, i nGleannta Aontroma nó i dTír Chonaill mar ábhar péintéireachta ina chuid saothair. Eagraíodh taispeántas dá chuid saothair san Fine Art Society i Londain. Fuair sé bás sa bhliain 1944 i mBun Abhann Duinne.



Mainistir an Rois (Áth Cinn),
léaráid líníochta le J. H. Craig
in Hayward: *The Corrib County*,
1943, l.139



Cnoc Maol Réidh trasna an
Chaoláire Rua as an Mullach
Glas, Contae na Gaillimhe,
léaráid líníochta le Raymond
Piper, in Hayward: *This is
Ireland: Connacht and the City
of Galway*, 1952, l. 155

Rinne Raymond Piper (1923-2007) obair maisiúcháin ar cúig cinn de leabhair Hayward sa tsraith *This is Ireland* a foilsíodh i rith tréimhse seacht mbliana déag. Ealaíontóir, maisitheoir agus luibheolaí a bhí ann, comhalta d’Acadamh Ríoga Uladh agus den Acadamh Ibeirneach Ríoga. Mar gheall ar shaothar péintéireachta maidir le hábhar luibheolaíochta agus a chuid léaráidí maisiúcháin le leabhair is fearr a mhaireann a cháil ach bhí éileamh ar a chuid portráidíochta freisin lena linn. Mar a chéile le Craig, is dá stuaim féin a d’fhoghlaim sé an cheird den chuid is mó ach d’fhreastail sé an coláiste ealaíne i mBéal Feirste agus bhí sé ina mhúinteoir sa Royal School i nDún Geanainn.

Tá tréithe dá gcuid féin, díol suntais agus ábhar mealltach, ag rith leis na húdair ar fad atá faoi chaibidil againn, na Halls, Wilde agus Hayward. Tháinig deireadh tobann tubaisteach le ré na gcuntas taistil ó pheann Hayward nuair a maraíodh i dtimpiste bóthair é sa bhliain 1964. Tháinig ina dhiaidh sin, tréimhse foilsitheoireachta nuair ba choitianta cuntas taistil á scríobh ag pearsa iomráiteach i saol na litríochta, arna éileamh go minic ag an bhfoilsitheoir nuair a tuigeadh go mbeadh éileamh ar an saothar mar gheall ar ainm an údair. Shaothraigh Breandán Ó Beacháin, Eilís Dillon, Frank O’Connor, Edna O’Brien agus scríbhneoirí nach iad an cineál seo. De réir a chéile i rith na 1960idí, bhí grianghraif dhaite ag teacht in ionad na bpictiúr dubh agus bán nó in éineacht leo. Bhí glaoch agus imeacht freisin ar leabhair mhóra pictiúirí a leagfaí ar bhord. Sraith leabhar nach raibh an mhéid chéanna iontu ach a tháinig chun tosaigh ar chuid mhaith den chineál sin ag The Batsford Colour Books. I rith na 1970idí agus na 1980idí bhí “cnuasach de rogha an ghrianghrafadóra” ag éirí coitianta.

Céard atá le rá mar sin maidir leis na Halls, Wilde agus Hayward? Sáreiseamláirí iad ar fad den chineál scríbhneoireachta a bhí coitianta maidir le cúrsaí taistil lena linn féin. Bhí fonn orthu uilig go gcuirfi suim in Éirinn, go dtiocfaí ar cuairt chuig an tír agus go mbeadh bláth ar chúrsaí eacnamaíochta inti. Déarfainn dá mbeifí i bhfolach i gcóiste Bianconi ar thuras timpeall mháimín Shalroic nó suas Gleann an Mháma leis na Halls, go mbeadh díol suntais in oiread an ríméid a chuir an taobh tíre sin orthu, nó dá mbeifí ar an stíméar ag dul suas Loch Coirib le Wilde, ag siúl trasna na ngaranta go Mainistir an Rois nó trasna Pháirc an Bháire sa triantán idir Conga, an Éill agus an Chrois, go mbeadh lón eolais agus ábhar plé as an turas chomh maith le lán na súl. Dá mba ar thuras in aon charr le Hayward a bheifí, bheadh rang máistreachta san aisteoireacht ag duine maidir le cur i láthair sárshaothraithe an tseanchaí, bheadh cluas bioraithe ag fáiltiú roimh dhea-aithris ar scéal maith agus ní móide nach mbeadh beagán ceoil ar siúl freisin! Fágann athléamh ar a gcuid saothair i rith chuibhriú Covid-19 agus ó shin i leith an-fhonn taistil, coisíochta agus camchuartaíochta orm le teann ríméid agus dóchais mar a rinne siadsan sna cuntais a d’fhág siad ar an turas siar, *Westward ho!*

1	Saothar a thiomnaítear do Shéamus II, arna fhoilsiú i Laidin ar dtús i Londain sa bhliain 1685.
2	Hall, Anna Maria & Samuel Carter, <i>Ireland, its Scenery, Character, etc</i> , Londain, How & Parsons, 3 iml. 1841-1843.
3	Lewis, Samuel, <i>A Topographical Dictionary of Ireland, comprising the several counties, cities, boroughs, corporate, market, and post towns, parishes and villages</i> , 2 imleabhar. S. Lewis & Co., Londain, 1837.
4	Young, Arthur, <i>A tour in Ireland with General Observations on the Present State of the Kingdom, Made in the years 1776, 1777 and 1778 and Brough down to the end of 1779</i> , Londain. Arna chur i gcló do T Cadell, Strand & J. Dodsley, Pall Mall, Londain, 1780.
5	Dutton, Hely, <i>A Statistical and Agricultural Survey of the County of Galway with Observation on the means of Improvement, Drawn up for the Consideration and by the Direction of the Royal Dublin Society, Baile Átha Cliath</i> , 1824.
6	Barrow, John, <i>A town Around Ireland. Through the Sea-Coast counties in the Autumn of 1836</i> , Londain, John Murray, 1836
7	Inglis, Henry, <i>A Journey Throughout Ireland During spring, Summer and Autumn of 1834</i> , (4 th edn.), Whittacker & Co., Londain, 1836.
8	Halls, <i>Ireland</i> , lml. 3, 1843, <i>op.cit.</i> lch.473.
9	Wilde, Sir William, <i>Lough Corrib, Lough Corrib, Its Shores and Island; with Notices of Lough Mask</i> , an dara heagrán, McGlashan & Gill, Baile Átha Cliath agus Longmans Green & Co., Londain, 1872, lch.5.
10	<i>Ibid.</i> , lch.16.
11	<i>Ibid.</i> , 1872, lgh.3-4.
12	Morton, H.V, (1892–1979), <i>In Search of Ireland</i> , Methuen & Co., Londain, 1930.
13	O’Flaherty, Liam, <i>A Tourists Guide to Ireland</i> , 1 ^a eagrán, Mandrach Booklets, 1929.
14	Gwynn, Stephen, <i>The Fair Hills of Ireland</i> , Maunsel & Company Ltd., 1914.
15	Údar beathaisnéisí as Sasana ab ea Izack Walton (1593-1683) a scríobh <i>The Compleat Angler</i> (1653), tráchtas maidir le haoibhneas na tuaithe i mbun bearta lascaireachta, ceann de na leabhair Béarla is minice a chur in athchló. https://www.britannica.com/biography/Izaak-Walton . Ceadaiodh i mí Lúnasa 2021.
16	Clements, Paul, <i>Romancing Ireland, Richard Hayward 1892-1964</i> , (2014).
17	Hayward, Richard, <i>The Corrib County</i> , W. Tempest Dundalagan Press, Dún Dealgan, 1943, lgh.10-11
18	<i>Ibid.</i> , lch.80.
19	<i>Ibid.</i> lch.76.
20	Wilde, 1872, <i>op.cit.</i> , lch.iii.



Portráid de Anna Maria Hall, le Daniel Maclise, pictiúr uiscédhatha agus peann luaidhe, 23 x 16 cm, ó 1833, Chertsey Museum; Portráid de Samuel Carter Hall, le Paul De La Roche, líníocht, ní fios cén tomhas atá ann, ó 1847, Wikipedia Commons

Bíonn lucht turasóireachta sa tóir ar an taiscéalaíocht, ar an athrú agus, in amanna, ar an eachtraíocht as an ngnáth, rud a léirítear sna cuntais taistil a scríobhadh sa naoú haois déag agus a foilsíodh in Impireacht na Breataine le linn tréimhse ina raibh sí á leathnú amach. Sa chomhthéacs sin, scríobh Anna Maria (1800-1881) agus Samuel Carter Hall (1800-1889) trí imleabhar faoin teideal *Ireland, its Scenery, Character etc* (1841-1843), tráth a raibh clú agus cáil cheana féin ar Anna Maria mar gheall ar *Sketches of Irish Character* (1829).¹ Ba é Samuel Carter, an fear a phós sí sa bhliain 1824, agus é ina iriseoir i Londain, a spreag í le tabhairt faoin scríbhneoireacht.

Caithfidh mar sin, gur spreag an grá a bhí ag an mbeirt acu dá dtír dhúchais iad chun dul i mbun saothair, saothar a d’eascair as ‘several Tours made by the writers, together since the year 1825—the latest of which [dating back to] autumn [...] [1840’.² Baineann an focal ‘Tour’ anseo le traidisiún an Mhórturais nó an ‘Grand Tour’, a raibh mhuintir na Breataine, a bhíodh ag taisteal go Mór-Roinn na hEorpa chun a gcuid oideachais a chríochnú, chomh tugtha sin dó. Ach nuair a dúnadh bealaí na hEorpa mar gheall ar Chogaí Napoléon, breathnaíodh as an nua mar ceann scríbe ‘viable’³ ar an ‘Celtic Fringe’ a bhí mórthimpeall ar Shasana.

D’fhorbair an turasóireachta mar thionscal ag an am sin, toisc go raibh daoine a bhain leis an meánaicme níos ísle tosaithe ag dul ar laethanta saoire chomh maith: Eagraíodh an chéad turas eagraithe de chuid Thomas Cook sa bhliain 1841, an bhliain chéanna ar foilsíodh an chéad imleabhar i dtaobh Éirinn a scríobh Anna Maria agus Samuel Carter Hall. Bliain ina dhiaidh sin tháinig an dara saothar dá gcuid amach agus in 1843 foilsíodh an t-imleabhar deireanach, ina raibh deich leathanach a bhain leis an gceantar timpeall ar Ghaillimh. (lgh. 449-459).

Bhí Éire lárnach mar a bhain le Polaitíocht na Breataine ag an am agus Dónall Ó Conaill ag streachailt ag iarraidh Rialtas Dúchais a bhaint amach agus ag tabhairt dúshlán an Aontais le Sasana, le go gcaithfeadh fiafraí cén chaoi ar fhreagair an bheirt Hall do na díospóireachtaí polaitiúla seo. Bhí a ndearcadh soiléir i ndáiríre: Chaith Anna Maria ribíní oráiste agus glasa ina cuid gruaige chun a thaispeáint, in ainneoin a reiligiún féin,⁴ nach ní raibh sí i bhfabhar an Phrotastúnachais le hais an Chaitliceachais. Ach thug a barúil neamhchlaonta, mar a tugadh air, le fios gur thacaigh sí leis an Aontas agus dá bhrí sin le coróin na Breataine.⁵ Ach cé mhéad den impiriúlacht a bhain leis an gcur síos a rinne siad ar Ghaillimh?⁶ Chun an cheist seo a fhreagairt, scrúdófar ar dtús na tagairtí a rinne siad do Ghaillimh mar bhaile a bhí neamhghnách, sula ndíreofar ar mhian na n-údar aird a tharraingt ar a oibiachtúla a bhí siad. Ar deireadh, déanfar anailís ar úrnuacht a gcuid oibre ina bhfuil idirphlé idir an téacs agus an íomhá, agus atá deartha chun go mbeadh sé taitneamhach don léitheoir.

I Cuntas andúchasach

Toisc go dteastaíonn ó thurasóirí breathnú ar thírdhreacha nua, bualadh le daoine nach bhfuil aon aithne acu orthu agus traidisiúin neamhghnácha a fheiceáil, déantar an rud atá as an ngnáth a chothú. Tá tagairt déanta dó i dtosach mar *‘foreign plant’* nó rud a tháinig *‘from abroad’*, agus mar a bhain le hImpireacht na Breataine:

*‘The exotic [...] increasingly gained [...] the connotations of a stimulating or exciting difference [...]. The key concept here is the introduction of the exotic from abroad into a domestic economy. From the earliest days of European voyages, exotic minerals, artefacts, plants and animals were brought back [...] [so that they] could titillate the European public imagination’.*⁷

D’fhéadfaí, go deimhin, samhlaíocht mhuintir Shasana a spreagadh agus iad ag taisteal in Éirinn, tír a bhí san Aontas ach bhí taobh amuigh de Mhuir Éireann, le go raibh sí ina háit intíre agus ina háit choimhthíoch ag an am céanna, dubailteach a bhí le tabhairt faoi deara i scríbhneoireacht Anna Maria agus Samuel Carter Hall:

*The whole of the coast round the beautiful bay, although less magnificently rugged than that more to the north, abounds in **picturesque** objects; and the **peasantry** here, as well as in the **less familiar** districts, are rich in **original character**: their vicinity to the **wild** Atlantic, and their living **remote** from frequent intercourse with **more civilized** parts, having preserved much of their **primitive** simplicity.*⁸ [my emphasis]

Cuirtear an choimhthíocht in iúl trí úsáid a bhaint as nathanna cainte dála *‘less familiar’* nó *‘original character’*: cuimsíonn muintir na Gaillimhe strainséarthacht. Deirtear go bhfuil an *‘peasantry’*, ag maireachtáil i gceantar *‘remote’* agus tá *‘character’* aige nach bhfuil millte ag an gcaidreamh le *‘more civilised parts’*. Léiríonn sé seo impiriúlachas na n-údar agus á ndearbhú ar mhórchéannas na Breataine, siombail ar *‘civilisation’*, i gcodarsnacht leis an dream a bhain leis an saol *‘primitive’* agus a bhí, dá réir, neamhghnách, agus a ndearnadh cur síos orthu agus iad i dtírdhreacha iontacha agus speicis dhúchasacha dála Mhuc Chonnachta ina dtimpeall.⁹ Bhí gach



The Connaught Pig, in Anna Maria & Samuel Carter Hall, *Ireland, its Scenery, Character, etc*, London, How & Parsons, imleabhar 3, 1843, lch.451

seans ann go spreagfadh an pictiúr seo, idir an scríbhneoireacht agus na radhairc fiosracht gach aon Vichteoiriach agus go mbeidís á mealladh go hÉirinn, chuig na hainmhithe fionspéisiúla agus na tuathánaigh suáilceacha.

Is fíor gur bhain an bheirt Hall leis an meánaicme, agus go raibh difríocht idir iad féin agus formhór na ndaoine a ndéanann siad cur síos orthu, dream ba léir a bhain leis an lucht oibre agus le cultúr éagsúil, rud a d’fhág go raibh gné den fhorlámhas agus den táinistiú i gceist.

Spreagann an córas *‘singular’* seo, ar córas feodach é an andúchasachas: tá *‘despotic powers’* ag an rí *‘absolute’* agus cearta aige ó thaobh riar an chirt. Sin é an bunús atá leis an dearcadh i leith sochaí atá ar gcúl agus ar ghá feabhas a chur uirthi, rud a dhéanfadh taistealaithe níos sibhialta, dála an bheirt Hall. Is gnáthsheasamh *‘anti-conquest’* coilíneach é seo, atá sainithe ag Pratt mar shraith straitéisí *‘of representation by the European bourgeois subjects [who] seek to secure their innocence in the same moment as they assert European hegemony’*.¹⁰

Chomh maith leis sin, nuair a dhearbhaítear nach raibh sa mhonarc seo ach *‘nothing more than the Lord Mayor of Dublin’* déantar neamhaird de na contúirtí a bhaineann le tréas. Bhí muintir na Gaillimhe páirteach in éirí amach i gcoinne Shasana: nuair a d’fháiltigh siad roimh mharthanóirí Armáid na Spáinne (1588)¹¹ agus nuair a thacaigh siad leis na Seacaibítigh tar éis bhriseadh Shéamas II (1689), le gur ordaíodh do na Caitlicigh imeacht as Gaillimh nuair a tharla éirí amach arís in Albain sa bhliain 1746.¹² In ainneoin gur theastaigh ón mbeirt Hall a chur in go raibh síocháin in Éirinn, mar dhea, bhí siad ar an eolas faoi na coimhlintí seo mar go raibh leabhair thagartha le Henry Sidney (lch.452),¹³ James Hardiman (lch.452, lch.454) nó Henry D. Inglis (lgh.454-455)¹⁴ léite acu.

II

Taobh amuigh den andúchasachas, ar thóir na hoibiachtúlachta

Trí thagairtí den chineál sin a úsáid, cuireann an bheirt Hall an chuma ar an scéal go bhfuil a gcuid scríbhneoireachta oibiachtúil. Cosúil le go leor scríbhneoirí taistil, bhí siad tiomanta don *‘historical depth’*, dar le Wasserman,¹⁵ agus míníonn Wasserman freisin gur síleadh i leith *‘cultural work’* go raibh sí *‘felt to be a necessary complement to economic and political development’*.¹⁶

Bhí an fhorbairt gheilleagrach mar a bhain le Gaillimh, áfach, athraithe go mór i gcomhthéacs athghabháil Chromail (1649-1652), na *Péindlíthe* (1695-1728) agus *Acht na bPápaí* (1704), nuair a rinneadh géarleanúint ar na Caitlicigh agus a cuireadh stop leis an trádáil leis an bhFrainc, an Spáinn agus Albain, ar a mbíodh trádáil na Gaillimhe bunaithe roimhe sin:

*‘Galway was a famous trading port [which] [...] supplied nearly all Ireland with wine [...]. Although this exclusive trade has of late years greatly diminished, it is still carried on [...]. In 1614, Sir Oliver St John writes [...] of Galway: ‘the merchants are rich [...]; previously, Sir Henry Sidney had described them as ‘refined’ [...] and [...] old Heylin calls it ‘a noted empire [...] of so great fame [...], that an outlandish merchant [...] demanded in what part of Galway Ireland stood’. [Its fame was credited to] [...] the ‘Tribes of Galway [...]. [...] [who] were of Anglo-Norman descent; and although they in time became ‘more Irish than the Irish’, they were [...] at continual war with the ancient families of the district. Several curious rules [...] prohibiting all intercourse with the natives, are yet preserved [...]: the following singular inscription was [...] over the west gate: ‘From the ferocious O’Flahertys; Good Lord deliver us’.*¹⁷

Leagtar béim ar an gcoimhlint a bhíodh sa 16ú agus sa 17ú haois idir teaghlaigh dhúchasacha na hÉireann agus na teaghlaigh Angla-Normannacha, le meabhrú faoin imní a bhí ann go bhféadfadh na coilíneoirí a sheol Anraí VIII anall éirí *‘more Irish than the Irish’*¹⁸. Ní tugann an tagairt seo do choilíniú cultúrtha a bhí tarlaithe i bhfad roimhe sin léargas ar an tionchar eacnamaíoch a bhí ag bearta polaitiúla a chuir an chéad tír i bhfeidhm, ar cheantair imeallacha cosúil le Gaillimh sa naoú haois déag. Níl aon trácht ann ar an teannas idir na Caitlicigh agus na Protastúnaigh, rud a thagann leis an mian a bhí ag an mbeirt Hall léitheoirí ón dá chreideamh a shásamh, dream a d’fhéadfadh cabhrú chun an gheilleagar áitiúil a fhorbairt.

Is minic a thugann Anna Maria agus Samuel Carter leid faoi acmhainneacht na tíre agus tarraingítear aird ar Ghaillimh mar gheall ar a calafort:

*‘To open this populous district would be to make it prosperous [...]. [...] Excepting the limited lines—from Dublin to Kingstown (about six miles), from Belfast to Lisburn (about the same distance), and from Dublin to Drogheda (about twenty-two miles), there are no railroads in Ireland. [...] A project is now in course of formation for carrying a line of road from Dublin to Galway, we have made some inquiries on the subject, and received some information from P. V. O’Malley, Esq., civil engineer [...]. He [...] suggests that Wheatstone’s electric telegraph should be used. Certainly if such a project can be carried out—and assuredly it may be, if Government will cooperate with some wealthy and enterprising individuals—in no part of the kingdom can the experiment be tried with surer prospect of success’.*¹⁹

Agus iad ag cloí lena modh imscrúdaithe, cuireann an bheirt Hall roinnt eolais i láthair, agus iad ag tabhairt le fios gur faisnéis iontaofa atá ann a chuir innealtóir ar fáil. Chuir siad gairm amach díreach chuig infheisteoirí a d’fhéadfadh maoiniú a chur ar fáil chun an t-iarnróid a thógáil agus a spreagtar iad, ag rá go bhfuil *‘prospect of success’*. Bhí 1895 ann sular fhág an chéad traein Gaillimh²⁰ ach anseo, déanann muintir Hall *‘encode’* ar gach atá *‘available for improvement’*.²¹

Mar sin, fiú agus iad ag iarraidh a bheith oibiachtúil, tá impiriúlachas le tabhairt faoi deara, go háirithe nuair a dhéanann siad clárú ar na hacmhainní nádúrtha a bhféadfadh foinsí saibhris a bheith iontu:

*‘We cannot leave the town of Galway without directing the reader’s attention to the marble manufactured there, and which so plentifully abounds throughout the county. The subject of Irish marbles is, indeed, one of vast importance [...]. It may be made [...] a source of immense wealth to the island and employment to its people’.*²²

Cuirtear gné mhorálta in iúl sa tagairt don *‘employment’* a d’fhéadfaí a chur ar fáil, a thiocfadh in ionad an chur amú agus an díomhaointis, ceann de na seacht gceannpheaca marfach, tagairt don reiligiún a thuigfeadh na Vichteoiriaigh.²³ I sliocht eile a bhaineann lena *‘attention’* cuirtear tús le comhrá idir na h-údair agus na léitheoirí agus úsáidtear réimse foclóireachta a bhaineann le saibhreas (*‘abounds’*, *‘vast’*, *‘immense wealth’*) chun luach na hacmhainne seo, a bhfuil cur síos uirthi sna ceithre leathanach ina dhiaidh seo, a chur chun tosaigh. Is mó seans gurb é Samuel Carter a scríobh iad seo, cé gur dócha gurb í Anna Maria a rinne an insint.²⁴

III

Leabhar Taistil a cumadh mar shaothar ealaíne

Tá dhá imeacht ag teacht chun cinn a bhaineann le Gaillimh: tá baint ag an gcéad cheann acu le teaghlach Fitz-stephen²⁵ agus seo é an réamhrá le haghaidh an dara ceann:

*‘Wandering one day by the shore of the broad ocean, an incident occurred to us the recital of which may not be unpleasing to our readers. We had walked a long way, when in the distance we saw above the level of the sea what at first sight we imagined to be, so perfectly motionless was it, an artificial figure—the figure-head of a ship perhaps, placed there as a beacon—but the wind blowing strongly from the land, we perceived some drapery in motion, which led to think that it was really a human being. Still there was no ‘stir’ or indication of life, or any interest manifested in surrounding objects’.*²⁶

Cuireann ‘wandering’ na n-údar agus an spléachadh a fhaigheann siad ar chruth doiléir uaigneach ar chladach gaofar *Wanderer above the Sea of Fog* (1818) le Friedrich i gcuimhne dúinn. Chomh maith leis an atmaisféar rómánsúil seo cuirtear ruainne beag den Ghotais in iúl, ó thaobh an leisce a rá cén cineál íomhá ‘motionless’ atá anseo ar a bhfuil ‘drapery’, mar a bheadh ar thaibhse. Ina dhiaidh sin bíonn na scríbhneoirí mar a bheadh carachtair ina scéal rómánsúil féin agus iad ag tabhairt aghaidh ar an mbean dhiamhair Ghaelach seo. Tosaíonn an reacaire ag déanamh comhrá, atá lán den caint ardmholtach, agus í féin lárnach ann: *‘It is quite impossible to fancy a greater picture of patient meaningless endurance than this poor woman. She was evidently a living sorrow’.*²⁷ Thabharfadh an stór focal a bhaineann leis na mothúcháin le fios go gcaithfidh gurb í Anna Maria a scríobh an sliocht seo, mar gur mó seans, agus bean ag scríobh leabhar taistil, go mbeadh dearcadh maointinneach aici.²⁸ Anuas air sin, tugtar an chúis a bhfuil an scéal seo á insint (*‘the recital of [this incident] may not be unpleasing to our readers’*), rud a thabharfadh le fios go bhfuil an scríbhneoir ag iarraidh dlisteanacht a thabhairt dá guth, rud a bhí coitianta i measc na dtaistealaithe ban.²⁹

Ina theannta sin, chun scéal na baintrí a léiriú taispeántar íomhá de dhuine ina sheasamh ar chladach, an ghruaig dhubh agus an seál dorchá á séideadh ag an ngaoth, ar mhaithe le doineann an dúlra a chur i gcuimhne dúinn.

Mar gheall ar na sonraí seo tá gné den Ghotais ag baint leis an ghreanadh, agus tagairt á dhéanamh freisin don ‘picturesque’ nó an ‘panoramic viewpoint’, atá ann le haghaidh ‘dramatic effect’, a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leo agus atá ‘stimulating for the mind’, go dtí an pointe go bhféadfaí iad a phéinteáil.³⁰ Tá sé soiléir go raibh an bheirt Hall ag iarraidh daoine



The Seaman's Wife, in Anna Maria agus Samuel Carter Hall, op. cit., lch 460



Old Arch, in Halls, op. cit., lch 457



The Fish Market, in Halls, op. cit., lch 456



A Cabin Door, Claddagh, in Halls, op. cit., lch 458

a mhealladh a bheadh ar thóir na bpictiúr gleoite,³¹ daoine a bhí ina n-ealaíontóirí,³² a bhí ar scor³³ nó turasóirí a raibh suim acu sa seansaol. Tá aon léaráid déag sa chuid faoi Ghaillimh agus seachas *Seaman's Wife, Claddagh Ring* (Ich. 458) agus *Connaught Pig*, léiríonn gach ceann acu ábhar iontais a bhain leis an ailtireacht, dála *Ardeaglais Thuama*, radharc gleoite eile ina bhfeictear an séadchomhartha ársa. Treisíonn trí gheata stuacha (Ich.453, Ich.455, Ich.457) an andúchasachas agus béim á leagan ar an gcosúlacht idir Gaillimh agus an Spáinn, agus baineann *Mayor's House* (Ich.454), áit a bhfuair Fitz-stephen bás, deirtear, croitheadh as an léitheoir. Ar deireadh ansin, déanann *Buttermilk Lane* (Ich.452), an *Fish Market* (Ich.455) agus *A Cabin Door* (Ich.458), finéid ghleoite ina bhfuil mná de chuid na hÉireann ina bhfeisteas seanfhaiseanta.

Bhí na léaráidí ríthábhachtach: Mheas Samuel go raibh cuid dá chuid leabhar (dála *British Ballads*) ‘*more important for the illustrations than for the text*’.³⁴ Toisc úsáid a bheith á bhaint as dhá chóras shéimeolaíocha nach mar an gcéanna iad, ar a dtugtar ‘*interpicturelality*’,³⁵ teastaíonn ón léitheoir sos a ghlacadh agus spreagann sé fonn sa duine an baile gleoite a fheiceáil dó féin.

Ina theannta sin, déantar trácht sa téacs ar an ngreanadh, sampla de ‘*metapicturality*’:³⁶ ‘*We are fortunate in having obtained the co-operation of [William Evans of Eton] [...] and lament that the beauty of his coloured drawings cannot be satisfactorily transferred to our pages*’.³⁷ Ealaíontóir as an mBreatain ab ea Evans (1798-1877) a mbíodh éadaí dearga geala mionsonraithe le feiceáil ina chuid saothar ealaíne, mar atá i *Buttermilk Lane, Gaillimh*,³⁸ agus sin an fáth a raibh díomá ar na scríbhneoirí maidir leis na modhnuithe a chaithfí a dhéanamh sa phróiseas greanta. Mar sin féin, cuireann an bunleagan agus a atáirgeadh araon leis an andúchasachas: Cuirtear Gaillimh i láthair mar bhaile cuain beag, le hailtireacht ar leith a thabharfadh an Spáinn chun cuimhne, áit a raibh cónaí ar mhuintir shuáilceach na Gaillimhe, a gcuirfeadh a stíl mhaireachtála rud éigin nua ar fáil do thaistealaithe. Is amhlaidh go ndeirtear i dtaobh shéadchomharthaí na Gaillimhe gur ‘*records of old times [which] are rapidly falling into ruin*’.³⁹ Ba léir gur theastaigh ón mbeirt scríbhneoir an tagairt don bhail a bhí ar an gceantar idir na 1820idí agus na 1840idí a choinneáil siar go dtí am éigin sa todhchaí, mar a léirítear freisin sa léarscáil a úsáidtear mar thúsphointe.

Conclúid

Mar sin féin, cuireann an doiciméad seo i gcuimhne dúinn go mbíonn claonadh

coilíneach, gan smaoineamh, ann talamh a mhapáil sula ndéantar lonnaíocht ann. Mar sin, beag beann ar a gcúlra Éireannach, scríobh Anna Maria agus Samuel agus dearcadh impiriúlach acu agus iad ag ofráil léarscáileanna, moltaí d’infheisteoirí agus eolas faoi na hacmhainní nádúrtha a raibh fáil orthu. Tá sé seo le feiceáil freisin sa chur síos ar an tuathánach, atá uasal ach cúlanta, a bhfuil eachtarthanacht ag baint leis, díreach mar a rinne a gcuid custaim, a gcuid seodra nó na speicis a bhí le fáil ar a gcuid feirmeacha, ar nós Muc Chonnachta.

Ach ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur ghlac siad chucu féin modheolaíocht a bhí dírithe ar an oibiachtúlacht: trí thagairt a dhéanamh d’fhoinsí, cáineadh a dhéanamh agus a bheith i gceannas ar imscrúduithe, chuir siad iad féin i láthair mar údair iontaofa.⁴⁰ Bhí sé de nós ag formhór na scríbhneoirí taistil san Impireacht a neamhchiontacht a chur chun cinn, fiú má bhí ‘*imperial eyes passively look[ed] out and possess[ed]*’.⁴¹ Mar sin féin, de réir mar a bhí an bheirt Hall ag cur cruth leabhair ar a bhfís andúchasachais, bhí comhrá ar bun idir an téacs agus an íomhá, rud a chruthaigh saothar úrnua. Faigheann caighdeán liteartha na scríbhneoireachta, a théann i muinín an Ghotais agus na bpictiúr gleoite, a mhacalla sna finéid, rud a chuireann le pléisiúr an léitheora.

Agus ba mhór ag na léitheoirí Vichteoiriacha an téacs íocónach seo gan amhras. In ainneoin go ndearna *The Quarterly Review* gearán i dtaobh an iomarca de na ‘*luxuriant lakes*’ agus ‘*sparkling billows*’ a bheith sa phrós a scríobh an bheirt Hall,⁴² thaitin an ‘*desire to exhibit things as they really are*’ leis an Times⁴³ díreach mar a thaitin ‘*truthfulness of the two editors*’⁴⁴ le *The Morning Chronicle*. Go deimhin bhí an oiread meas ar *Ireland, its Scenery, Character etc*, gur tháinig roinnt eagráin eile amach i ndiaidh an chéad eagráin (1841-1843) mar shampla i 1846 (London, Howe & Parsons), 1860 (London, Virtue) agus i 1873 (London, Tinsley Brothers)⁴⁵ agus le gairid, sa bhliain 1984, chuir Michael Scott leagan giorraithe in eagar.⁴⁶ Léiríonn na heagráin seo ar fad, go raibh, in ainneoin a ndearcadh impiriúlach, go bhfuil daoine thar a bheith tógtha leis an gcuntas a thug an lánúin ar a gcuairteanna ar Éirinn agus dá bhrí sin go bhféadfaí breathnú air, go dtí an lá atá inniu ann, mar shaothar ealaíne luachmhar, liteartha.

1

Morris, Hazel, *Hand, Head and Heart, Samuel Carter Hall and the Art Journal*, Norwich, Russell, 2002, l.73.

2

Hall, Anna Maria & Samuel Carter, *Ireland, its Scenery, Character, etc*, How & Parsons, London, 3 imleabhar, 1841-1843, imleabhar 1, 1841, l.chIII.

3

Hooper, Glenn, 'The Isles / Ireland: the wilder shore', in *The Cambridge Companion to Travel Writing*, ed. Peter Hulme agus Tim Youngs, Cambridge, Cambridge University Press, 2002, lgh. 174-190, lch.178.

4

Protastúnaigh a bhí i muintir Hall Morris, *op. cit.*, 24, lch.164.

5

Morris, *op. cit.*, 162. 'All his life Carter was to preach the benefits derived from the Union', *ibid.*, lch.19.

6

Déanann Williams tagairt fiú do 'Hibernian orientalism' i dtaca leis na téacsanna faoi Ghaillimh a scríobh taistealaithe on mBreatain. Féach Williams, William H., *Creating Irish Tourism: The First Century, 1750-1850*, London, Anthem, 2011, lch.163.

7

Ashcroft, Bill; Griffiths, Gareth; Tiffin, Helen, *Key Concepts in Postcolonial Studies*, London, Routledge, 1998, lgh.94-95. See also Renata Wasserman, *Exotic Nations: Literature and Cultural Identity in the United States and Brazil, 1830-1930*, Ithaca, Cornell University Press, 1994, lch.259.

8

Halls, *Ireland, op. cit.*, imleabhar 3, 1843, lch.459.

9

Ibid., lch.451.

10

Pratt, *op. cit.*, lch.7.

11

<https://www.rte.ie/archives/2018/0618/971404-spanish-armada-400th-anniversary/> (11/07/2021).

12

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi shainchomharthaí stairiúla na Gaillimhe, féach Peadar O'Dowd, *A History of County Galway, A Comprehensive Study of Galway's History, Culture and People*, Baile Átha Cliath, Gill, 2004.

13

Ba é James Hardiman (1782-1855) údar *The History of the Town and County of the Town of Galway*, Baile Átha Cliath, Folds, 1820, a bhain úsáid as na téacsanna le Sir Henry Sidney (1529-1586). D'úsáid an bheirt Hall leabhar Hardiman mar phríomhthagairt. Is as leabhar H. D. Inglis, *A Journey Throughout Ireland during the Spring, Summer, and Autumn of 1834*, Londain, Whittaker, 1834-1835, 2 imleabhar., 1835, imleabhar 2, 22, a tháinig an tagairt eile.

14

Scríobh Henry David Inglis (1795-1835) a chur síos féin ar Ghaillimh roimh an mbeirt Hall, agus tugann an lánúin aitheantas dó. Halls, *op. cit.*, lgh.454-455.

15

Wasserman, *op. cit.*, lch.251.

16

Ibid., lch.254.

17

Halls, *op. cit.*, lgh.450-451.

18

Luann Hardiman Acht na bliana 1536 a d'ordaigh go 'everie inhabitant, as well within the said townie, [...], doe shave theire over lipps, called crompeaulis; and suffer the haire of their hedds to growe, till it cover theire eares, and that every one of them weare English capps'. Hardiman, *op. cit.*, lch.80.

19

Halls, *op. cit.*, lch.450.

20

Villiers-Tuthill, Kathleen, 'The Connemara Railway 1895-1935', <https://www.historyireland.com/20th-century-contemporary-history/the-connemara-railway-1895-1935/> (08/07/2021).

21

Pratt, *op. cit.*, lch.61.

22

Halls, *op. cit.*, lch.461.

23

D'fhoilsigh na húdair téacsanna eile a raibh gnéithe den mhoráltacht agus den reiligiún ag baint leo, dála *An Old Story, a Temperance Tale in Verse* (Londain, Virtue, 1874).

24

Is é seo an buille faoi thuairim a thugann Hazel Morris, *op. cit.*, lch.33, l.137.

25

Léirigh James Mitchell in 'Mayor Lynch of Galway: A Review of the Tradition', *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*, imleabhar 32 (1966-1971), lgh.5-72 nach raibh sé fíor.

26

Halls, *op. cit.*, lgh.459-460.

27

Ibid., lch.460.

28

Pratt, *op. cit.*, lch.102.

29

Bassnett, Susan, 'Travel Writing and Gender', in Peter Hulme, ed., *The Cambridge Companion to Travel Writing*, Cambridge, Cambridge University Press, 2002, lgh.225-241, lgh.235-237, lch.227, lch.233.

30

Châtel, Laurent 'Getting the Picture of the Picturesque', *XVII-XVIII, Bulletin de la Société d'études anglo-américaines*, n°51 (novembre 2000), lgh.229-248, lch.231, lch.233, lch.234.

31

Halls, *op. cit.*, lch.452.

32

Ibid., lch.451.

33

Ibid., lch.459. Fágann an bhéim a chuir siad ar phraghsanna a bheith saor drochbhlas sa lá atá inniu ann mar go raibh an Gorta Mór leis an réigiún a bhánú dhá bhliain tar éis do na línte seo a bheith curtha i gcló.

34

Morris, *op. cit.*, lch.28.

35

Louvel, Liliane, *L'Oeil du texte*, Toulouse, Presses Universitaires de Mirail, 1998, lch.142.

36

Ibid., lch.142.

37

Halls, *op. cit.*, lch.456.

38

<http://onlinecollection.nationalgallery.ie/people/4283/william-evans-of-eton/objects> (11/07/2021).

39

Halls, *op. cit.*, lch.452.

40

'The stories [...] delighted Anna Maria's English readers, who expected stories of Ireland to be either humorous or larded with Celtic romance, but infuriated the humbler classes in Ireland, the very people that she had looked on as her friends. They mistrusted her impartiality over politics and religion and regarded her writings as those of an Anglo-Irish woman with an English view of Ireland'. Hazel Morris, *op. cit.*, lch.133.

41

Pratt, *op. cit.*, lch.7.

42

The Quarterly Review, imleabhar. 85, 1849, lch. 491, luaite ag Hazel Morris, *op. cit.*, lch.33.

43

The Times, 12 Deireadh Fómhair 1841, luaite ag Morris, *op. cit.*, lch.31.

44

The Morning Chronicle, 10 Samhain 1841, luaite ag Morris, *op. cit.*, lch.31.


45

Chun anailís a dhéanamh ar na 3 imleabhar, féach Amélie Dochy in, 'Mr and Mrs Hall's Tour of Ireland in the 1840s, More than a Unionist Guidebook, an Illustrated Definition of Ireland Made to Convince', *Miranda*, imleabhar 9 (2014), <https://doi.org/10.4000/miranda.5917>.

46

Scott, Michael, eag., *Hall's Ireland, Mr and Mrs Hall's Tour of 1840*. 2 imleabhar. Londain, Sphere Books Limited, 1984.

*Pictiúir Uiscedhatha de
Ghaillimh a Rinne William
Evans of Eton agus
Scríbhneoireacht Thaistil ón
19ú hAois*



Anne Hodge

‘Alongside such romantic delight in Ireland’s seemingly primordial landscape was the converse desire to “improve” its condition and consolidate its connection with Britain.’

(Eadaoin Agnew, 2011, p .390)

I mblianta tosaigh an naoú haois déag tosaíodh ag cur i bhfad níos mó spéise in iarthar na hÉireann, go háirithe Gaillimh agus Conamara, de bharr na dtreoirleabhar agus na gcuimhní cinn taistil éagsúla a bhí á bhfoilsíú. Daoine meánaicmeacha agus ardaicmeacha, a raibh caighdeán maith oideachais acu, a léigh leabhair den chineál seo, daoine a raibh na hacmhainní acu agus an claonadh iontu dul ag taisteal nó ar a laghad léamh faoi thaithí dhaoine eile ar an taisteal.

Leagann Éadaoin Agnew amach, ina léirmheas ar leabhair faoi chúrsaí taistil ón naoú haois déag, na príomhchúiseanna gur léiríodh an oiread spéise sa scríbhneoireacht thaistil a bhain le hÉirinn go luath sa naoú haois déag. Mar gheall ar chogaí Napoléon, dúnadh mór-roinn na hEorpa do thurasóirí ón mBreatain, agus spreag sé seo daoine le dul ag taiscéalaíocht in áiteanna nach raibh an oiread sin eolais fúthu ach bhí níos gaire don bhaile. Ó thaobh na polaitíochta de, bhí práinn ag baint le go mbeadh Éire lánpháirteach sa Ríocht Aontaithe nua (tar éis Acht an Aontais), agus bhí spéis ginearálta rómánsach i dtírdhreacha áille fiáine. *‘Alongside such romantic delight in Ireland’s seemingly primordial landscape was the converse desire to “improve” its condition and consolidate its connection with Britain. [...] It seemed that Ireland, like the rest of the Empire must be made known and tractable.’*¹

Ba é *Ireland in 1834* an chéad treoirleabhar taistil foirmiúil a bhain le hÉirinn a raibh cur síos mionsonraithe ann ar Chonamara. Seo leabhar a d’fhoilsigh an t-údar Henry D. Inglis, a bhí lonnaithe i Londain sa bhliain 1835 (1795-1835). Bhí áit lárnach freisin ag Conamara in *Ireland: its scenery, character, &c.* (1840-3) nó ‘Hall’s Ireland’ mar a thugtaí de ghnáth air. Trí imleabhar a bhí anseo, iad maisithe go breá, a scríobh an lánúin Anna agus Samuel Carter Hall. Rugadh an bheirt acu in Éirinn ach bhí siad ina n-aontachtaí dílse. Sna leathanaigh tosaigh dá leabhar taistil, a raibh an-éileamh air, bhí na húdair soiléir faoina ndílseacht agus faoin gcomhthéacs ina raibh siad ag foilsíú a gcuntas ar Éirinn: *‘...it will be our duty to consider England and Ireland as one country – to draw more closely the ties that unite them, and to condemn, as the most mischievous of all projects, that which either contemplates or leads to separation – the inevitable consequence of repeal of the Union.’*²

Ba chuid thábhachtach de na leabhair ar chúrsaí taistil a scríobhadh sna 1840idí iad na léaráidí greanta adhmaid. Bhíodh íomhánna dubha agus bána aistrithe ó líníochtaí a rinne ealaíontóirí agus línitheoirí inniúla ‘sa réimse’ agus iad ag tacú leis an gcur síos scríofa a rinne scríbhneoirí dála Anna agus Samuel Hall. Thug na híomhánna sin tuiscint don té a bhí á léamh cois tine ar thaithí an taistealaí ar na háiteanna a raibh cur síos á dhéanamh orthu, agus bhíodh díol níos fearr ar na leabhair de bharr gur éirigh leo tuilleadh léitheoirí a mhealladh.

Cé nach raibh aon léaráidí iontu, seachas léarscáileanna, bhí tionchar ag dhá imleabhar a scríobh Henry D. Inglis i dtaobh Éirinn dar teideal: *‘A journey throughout Ireland during the Spring, Summer and Autumn of 1834’* ar an scríbhneoireacht taistil faoi Éirinn. Rinne sé cur síos ar bhealaí agus ar áiteanna ar ábhar spéise iad, ach nochtaigh sé tuairimí freisin ar chúrsaí sóisialta agus polaitíochta in Éirinn agus ghlac na scríbhneoirí eile a tháinig ina dhiaidh le stíl agus formáid a chuid oibre. Tógann a bharúil chroíúil i leith na Gaillimhe agus Mhaigh Eo suas ceithre chaibidil agus cé go bhfuil an cur síos in amanna i modh uasal le híseal, ar an iomlán tugann sé go leor mioneolais i dtaobh shaol agus thraidisiúin lucht labhartha na Gaeilge sna contaetha sin. Chuir an bhochtaineacht a chonaic sé i ngach áit alltacht air agus deir sé san alt deiridh: *‘I have not studied to make this an agreeable book so much as a useful book [...] there is little real cause for jocularity in treating the condition of a starving people...’* Bhí leabhar Inglis ina threoirleabhar tábhachtach do thaistealaithe ag an am, agus is dócha go raibh sé ag an máistir líníochta William Evans nuair a thug sé aghaidh ar iarthar na hÉireann le haghaidh a chéad turas sceitseála in 1835.

D’fhás William Evans aníos i gColáiste Eton in aice le Windsor agus thosaigh sé ag obair mar mháistir líníochta sa scoil nuair a d’éirigh a athair as in 1823. Ealaíontóir uiscedhatha cumasach ab ea é, a bhí sé ina bhall den Society of Painters in Watercolours (ar a dtugtaí The Old Water Colour Society níos déanaí) in 1830. Dála ealaíontóir as Éirinn, Frederic William Burton (ar thug Evans cuireadh go Eton dó chun a bheith ag péinteáil ann in 1862) is le huiscedhathanna amháin a bhíodh Evans ag péinteáil le linn a ghairme. Ó na 1820idí ar aghaidh, théadh Evans ar thurais phéintéireachta ar fud na hAlban agus Shasana nuair a bhíodh an scoil dúnta le linn an tsamhraidh.

Bunaithe ar leabhar sceitseála, atá anois i mbailiúchán príobháideach, agus atá lán le sceitsí meara peann luaidhe a chuimsíonn radharcanna de chósta thiar na hÉireann, is léir gur thug Evans cuairt ar Éirinn den chéad uair i samhradh na bliana 1835. Taispeánann na staidéir shimplí, cuid acu le gealáin bhána, Acaill, Cliara agus Delphi. Cuairt thábhachtach a bhí anseo ó thaobh Evans de mar gur thaispeáin sé, an bhliain dar gcionn, cúig phictiúr uiscedhatha críochnaithe, de radhairc as Iarthar na hÉireann, ag taispeántas iomráiteach bliantúil an Water Colour Society. Díoladh na cúig cinn acu ar idir tríocha agus cúig ghuine is tríocha an ceann, agus cheannaigh Easpag Winchester ceann acu ‘An Irish Peasant Girl’. I gcás dhá ceann de na pictiúir uiscedhatha ‘The Claddagh’ agus ‘Buttermilk Lane’ tá teidil orthu a chuimsíonn sleachta a tógadh go díreach as treoirleabhar Inglis, rud a thugann le fios a thábhachtaí a bhí an leabhar ó thaobh spéis an phobail san iarthar a mhúscailt. B’fhéidir gur spreagadh a bhí

ann do Evans gur glacadh go maith lena chuid radhairc as Éirinn mar gur chuir sé, sa bhliain 1837, naoi radharc críochnaithe ar taispeáint, lena n-áirítear radhairc as An Mám, Rinn Mhaoile agus An Caoláire Rua. Díoladh uimhir 133 sa chatalóg, ‘Inn on the Road to Westport Co. Mayo’ ar 25 guine le T.G. Parry Esq. Ba dhílleachta óg saibhir é Thomas Gambier Parry (1816-1888) agus bhí sé ar an dalta ab fhearr dá raibh ag Evans, sular bhain sé céim amach ó Eton i 1832. Cheannaigh Parry an lear mór líníochtaí a bhain le Gaillimh agus Conamara a bhí tarraingthe ag Evans ar a chamchuairt in 1838. D’fhan na líníochtaí tírdhreacha agus na staidéir fíoracha daonna uiscedhatha seo i mbailiúchán teaghlaigh Parry go dtí 2008, tráth a bhfuair Gailearaí Náisiúnta na hÉireann seilbh orthu.³

Físeanna idéalaithe de chathair na Gaillimhe agus de tírdhreach Chonamara atá le feiceáil i líníochtaí uiscedhatha William Evans of Eton. Feictear an ghrian ag taitneamh i mórán gach uile cheann de na radharcanna agus tá na dathanna beoga. Nuair a chonaic mé na sceitsí uiscedhathanna seo den chéad uair in 2008, bhí mé beagán amhrasach faoi na radhairc rómánsacha agus bhraith mé go gcaithfeadh gur thug Evans saoirse an ealaíontóra dó féin agus é ag a cruthú a chuid pictiúr. Ach nuair a chuaigh mé ar thuras taighde go Conamara i samhradh na bliana 2012, áfach, agus mé ar thóir radharcanna Evans agus na suíomhanna go baileach inar phéinteáil sé iad, thuig mé gur thaifead sé an topagrafaíocht go cruinn. Tá próifíli na sléibhte cruinn agus b’fhurasta iad a aithint.

In ainneoin seo, d’fhone na saothair ealaíne seo a thuiscint i gceart, caithfear coinneáil i gcuimhne gur Sasanach meánaicmeach a bhí in Evans a bhí ag péinteáil chun críche ar leith – pictiúir uiscedhatha áille a chruthú a bheadh tarraingteach do na ceannaitheoirí agus do na pátrúin mheánaicmeacha i Sasana. Tá an tírdhreach tarraingthe go cruinn aige ach ní fhéadfainn a rá go raibh sé chomh cruinn céanna agus é ag léiriú na ndaoine a mhair sna háiteanna sin. Mórán i gcónaí, bíonn na daoine a ndéanann sé taifead orthu dea-ghléasta agus dea-chothaithe. Mar a tharla le cártaí poist John Hinde sna 1960idí, is minic sciortaí dearga tarraingteacha á gcaitheamh ag fíoracha daonna Evans, agus iad curtha sa phictiúr go straitéiseach, in áit ar leith, chun an saothar féin a fheabhsú nó an tsúil a tharraingt trasna an phictiúir.

Tá nós sa phéintéireacht tírdhreacha, a théann i bhfad siar agus a dtugtar *‘staffage’* air uaireanta, ina mbaintear úsáid as íomhánna de dhaoine díreach ar mhaithe le go mbeadh an radharc féin níos spéisiúla. Is minic gur sceitseáil gharbh a bhíonn sna híomhánna seo, a tarraingíodh ó shamhlaíocht an ealaíontóra seachas ón bhfíorshaol. Cé nach bhféadfá a bheith cinnte faoi, is dóigh gur ‘cineálacha daoine’ iad cuid de na híomhánna atá i líníocht uiscedhatha



Evans, seachas fiordhaoine ar bhuail sé leo agus a thaifead sé. Ag an am céanna, tá bileoga de sceitsí i measc a chuid líníochtaí as Éirinn a bhfuil an chuma orthu gur tarraingíodh iad ón bhfíorshaol, go háirithe iad siúd den mhargadh i gcathair na Gaillimhe atá sna bileoga a bhfuil neart sceitsí d’íomhánna daonna iontu. Is staidéir bhreathnóireachta atá iontu seo againn atá lán d’fhuinneamh ionas go mothaíonn tú ‘go bhfuil tú san áit’. Ach mar sin féin, ní bhreathnaíonn ceann ar bith de na fiordhaoine a tharraing sé ar nós daoine atá ocrach, tinn nó ag caitheamh éadaí stróicthe. Scéal eile ar fad a insíonn tuairiscí nuachtáin ón tréimhse sin.

Tuairiscíonn *The Kilkenny Journal and Leinster Commercial and Literary Advertiser* an 7 Meán Fómhair 1833 (díreach 5 bliana roimh chuairt Evans) faoin ngá atá le leasú a dhéanamh ar chórais dolaí agus cánach na hÉireann. I dtuarascáil dar teideal: ‘Toll Reform Bill’ tugtar míniú ar an éagothromaíocht a bhaineann le córais na ndolaí: ‘... every poor person bringing brooms to Galway market, is stopped on the west bridge of that town and compelled to yield up a

William Evans of Eton, *Bean agus Buachaill in aice le hÁirse ar Shráid i nGaillimh*, NGI. 2008.36.23, Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

portion of their miserable stock, pretence of toll or custom. The great majority of the poor creatures who struggle to eke out a scanty subsistence in this way are, we understand, females, who barefoot and nearly half naked, traverse the mountains and wilds at a distance of several miles from their wretched hovels, pull with their hands the heath which they afterwards seek to convert into pittance for the support of their starving families. No wonder that all classes should rejoice in the downfall of a monopoly so meanly voracious as to stoop to such paltry pickings”.

A mhalairt atá i gceist i gcás na ndaoine atá ag Evans, áfach. Níl an chuma ar an dream a fheictear ag díol a gcuid earraí ar shráideanna na Gaillimhe go bhfuil aon drochbhail orthu. Tá na daoine ag caint le chéile ar Mhargadh an Éisc, agus ag dul i mbun a gcuid oibre, gléasta in éadaí geala daite agus breathnaíonn siad folláin agus sláintiúil. Ní giobail atá ar na daoine óga a thaispeántar ina seasamh faoi áirse, cé go mbreathnaíonn siad tuirseach.

D’fhulaing iarthar na hÉirinn de bharr gorta agus ganntanas bia go rialta ag deireadh an ochtú haois déag agus ag tús an naoú haois déag. Tugann tuairisc sa *Freeman’s Journal* ar an 20 Samhain 1838, ina ndéantar cur síos ar chuairt Dhónaill Uí Chonaill ar Ghaillimh díreach trí mhí tar éis do Evans a bheith ann, sárléargas ar an gcás a raibh cuid mhaith de dhaoine na tuaithe ann, i ndáiríre, ag an am sin. Cé go bhfuil an prós beagán gáifeach, deir: ‘*As he passed along the road, [to Clarenbridge] the peasantry were congregated on the highway, wherever he was expected, and cheered him heartily and warmly as he passed by. It was a delightful evening– the winds were hushed, and the clouds which covered the sky were tinged with the richest lines by the setting sun. [...] In the midst of that scene of nature’s glories, how different was the aspect presented by the wretched inhabitants of the lovely country, [...]. Lean, and haggard, and clothed in rags, they seemed like the natives of a wilderness; as they ran across the fields from their hard toil to get a glimpse of the great man who was passing*’

Má smaoinítear ar na cúiseanna a raibh Evans ag péinteáil a chuid radhairc de Chonamara agus de Ghaillimh ní haon ionadh é nach gcuirfeadh sé isteach fíoracha daonna a mbeadh an chuma orthu go raibh siad i gcruachás nó ag fulaingt anró an tsaoil. Bhain Anna agus Samuel Carter Hall úsáid as cuid dá chuid líníochtaí, sa tríú himleabhar den leabhar taistil, chun na caibidlí a bhain le Maigh Eo agus Gaillimh a mhaisiú. Níl a fhios againn cén chaoi ar chuir Anna agus Samuel Carter Hall aithne ar William Evans. Is éard atá sa leabhar cuntas ar thurais éagsúla ar thug an lánúin fúthu idir 1825 agus 1840. B’fhéidir gur bhuail siad le Evans agus iad ar a gcamchuairt agus gur iarr siad cead cuid de na sceitsí a úsáid leis an leabhar a bhí ag teacht amach a mhaisiú. D’fhéadfadh sé freisin go raibh siad ar an eolas faoina chuid sceitsí uiscadhathanna d’Éirinn mar gheall ar na saothair a thaispeáin sé i Londain ag



the Old Watercolour Society sa bhliain 1836 agus 1837. D’fhéadfadh sé gur iarr siad air sceitsí a tharraingt chun sleachta ar leith sa leabhar a léiriú ach ní dócha go raibh sé in éineacht leis an lánúin agus iad ag taisteal i gConamara. Dá mba rud é go raibh, gach seans go mbeadh sé seo luaite acu sa téacs, mar a rinne siad i gcás F.W. Fairholt, ealaíontóir Sasanach eile a bhí ag obair dóibh. In éineacht le greanadh adhmaid amháin tá cur síos ar radharc a chonaic siad ar bhruacha An Chaoláire Rua i sráidbhaile Bundorrah, áit a raibh daoine bailithe le chéile ag breathnú ar iascairí ag tabhairt bradáin i dtír. Luaitear i bhfonóta faoin radharc sin gur *‘rapidly sketched by Mr. Fairholt, from our boat in front of the group, and is a strict representation of the scene without any artistic “making up.”*

Theastaigh ón mbeirt Hall béim a leagan ar ‘truthfulness’ agus ar chruinneas na líníochtaí a bhí chun beocht a chur ina gcuid scríbhneoireachta. Cuimsítear 217 prionta greanta adhmaid in Imleabhar 3, a bhí bunaithe ar líníochtaí a rinne ealaíontóirí éagsúla, lena n-áirítear Andrew Nicholl, W.H. Bartlett agus Fairholt. Is le William Evans fiche acu ar fad agus áirítear leo finéid bheaga d’áiteanna a ndéantar tagairt dóibh sa téacs agus leathanradhairc lánleathanaigh de thórdhreacha. Ina ainneoin sin, tá idéalú ag baint le cuid mhaith de na líníochtaí bunaithe ar fhíoracha daonna atá san imleabhar seo, go háirithe iad siúd de na mná. Taispeánann íomhá le William Harvey a bhfuil ‘Delphi Girls’ tugtha air, mar dheia, na cailíní óga a bhíodh ag aoireacht sa cheantar seo in aice leis An Liónán, ach is mná galánta iad a bhfuil gúnaí ar stíl na Gréige orthu agus soithí potaireachta ar a gcloiginn acu. D’fhéadfadh gurb iad na greanadóirí adhmaid, sa chás seo bean a bhfuil Miss Clarke uirthi, a bhí ciontach as cuid den idéalú seo. Íomhá níos réadúla agus níos dílse den saol atá i gceann de phictiúir Evans, a ghrean John Jackson Sa cheann áirithe seo tá bean le feiceáil ag cniotáil. Is cosúil gur thug na greanadóirí

Íomhá Evan de bhean ag cniotáil, greanadh ar leathanach i Halls' Ireland, lch. 472

Líníocht Evan d’áitreabh, greanadh i Halls' Ireland, lch 488



William Evans of Eton, *Gleann le suíomh Buailteachta ann agus íomhánna de dhaoine ar Chosán, Conamara*, NGL.2008.36.10, Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Íomhá Evan den chósta ag Rinn Mhaoile, greanadh in Halls' Ireland, lch.490



William Evans of Eton, *Botháin lascaireachta ar thrá Leitir Geis, in aice le Rinn Mhaoile, Contae na Gaillimhe*, NGL.2008.36.29, Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann



William Evans of Eton, *Gleann Chóchan, Conamara*, NGL.2008.36.19, Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

adhmaid, a d’fhostaigh foilsitheoirí mhuintir Hall chun na líníochtaí bunaidh a aistriú go cló, roinnt saoirse dóibh féin, go hiondúil maidir leis na sceitsí a raibh siad ag cóipeáil uathu. Mar shampla, sa phictiúr uiscedhatha de chuid Evans den Phóirse Caoch feictear, chun tosaigh sa phictiúr, grúpa ban in éadaigh thraidisiúnta ag caint le chéile. Sa ghreanadh adhmaid le Jackson atá le feiceáil ar leathanach 456, áfach, tá athrú ó bhonn tagtha ar na mná agus iad anois ina mná galánta atá gléasta go faiseanta, mná nach mbeadh ina n-éin chorr i bparlús i Londain. Tá ceann amháin de líníochtaí Evans a léiríonn na droch-chuinsí maireachtála faoina raibh go leor de mhuintir Chonamara ag fulaingt. Os cionn an chur síos a rinne muintir Hall ar shráidbhaile An Tulaigh deirtear: ‘Tá go leor comharthaí bochtaineachta le feiceáil sa chomharsanacht. Tabhair faoi deara ceann de na “*dwellings*” ina dtógann daoine a dteaghlaigh. Tharraing Mr Evans “*from nature*” é.’

D’fhéadfadh gur bothán buaile atá anseo. Bhíodh buailteachas ar bun ag na daoine a mhair i gceantair shléibhtiúla Chonamara, mar a gcuirte na hainmhithe ar féarach ar thalamh ard i rith mhíonna an tsamhraidh. Taispeánann ceann de na cinn is críochnúla de phictiúir uiscedhatha Evans suíomh buailteachais go soiléir, áit a bhfuil áitribh shealadacha a bhí déanta go sciobtha tógtha i scailpeanna sa talamh. As craobhacha raithní agus fraoigh a rinneadh an díon.

Ar leathanaigh 489 agus 490, tugann an bheirt Hall ardmholadh d’áilleacht na timpeallachta in aice le fjord an Chaoláire Rua. Tugann siad le fios gur féidir ‘*some idea*’ a fháil ar ‘charachtar sainiúil’ an cheantair ó ‘*this copy of the sketch of Mr Evans. It exhibits the beach and the immediate headlands, with the low hut of the fisherman nestling among the crags. But to render justice to this glorious scenery is impossible, either by his pencil or by our pen.*’

Tá an greanadh adhmaid cosúil le sceitse uiscedhathanna de chuid Evans atá i mbailiúchán an Ghailearaí agus a bhfuil an inscríbhinn ‘Fishing Huts between Renvile and Island’ air. Is dócha gurb é trá Leitir Geis atá anseo. Is tithe leath-shlogtha iad na botháin a tógadh san ithir ghainmheach agus is féidir curacha a fheiceáil tarraingthe suas ar an ngaineamh. Ar thaobh na láimhe clé is féidir lonnáíocht bheag a thabhairt faoi deara ar thalamh atá níos airde agus is é Cnoc Leitreach an bhuaic is airde a fheictear ar fhíor na spéire.

Tugann radharc ar Ghleann Chóchan, a bhfuil cruth crú capaill air agus atá siar ó Loch Eidhneach, tuiscint dúinn ar an máistreacht a bhí ag Evans mar a bhain le dathanna fineálta thírdhreach Chonamara a thabhairt leis, agus ar an spéis a bhí aige cur síos cruinn a dhéanamh ar chruthanna na sléibhte aonair agus ar áitribh shimplí na ndaoine. Tá an pictiúr uiscedhatha tógtha ó phointe ar an taobh ó dheas den ghleann agus is féidir sruthán a fheiceáil chun tosaigh. Tá meall mór Bhinn Dhubh, a bhfuil cuid de faoi néal dorch, i gcroílár an phictiúir.

Ar thaobh na láimhe deise tá Binn an Choire agus lonnaíocht bheag tithe sa lár. Tá garraí, gairdín ardaithe a úsáidtear chun prátaí agus glasraí eile a fhás ann don líon tí, le tabhairt faoi deara ar chlé. Tá iarsmaí cuid de na tithe seo le feiceáil go dtí an lá atá inniu ann.⁴


Diríonn líníochtaí chathair na Gaillimhe ar áiteanna suntasacha sa chathair, lena n-áirítear Bóithrín na Bláthaí. Tá an líníocht ildaithe seo le feiceáil mar ghreanadh adhmaid dubh agus bán ar leathanach 452. Tarraingíonn na húdair aird ar go bhfuil an chuid is mó den ghreanadóireacht sa chuid a bhaineann le Gaillimh bunaithe ar shaothar Evans: ‘*The examples we give were selected almost at random by Mr Evans of Eton, to whom we are indebted for the majority of the illustrations which ornament this portion of our work. We are fortunate in having obtained the co-operation of so accomplished an artist; and lament that the beauty of his coloured drawings cannot be satisfactorily transferred to our pages by the aid of wood engraving*’⁵. Taispeánann radharc a tógadh in aice leis an bPóirse Caoch tithe ceann tuí an Chladaigh sa chúlra agus iad deasaithe isteach ina chéile. Cuimsíonn treoirleabhar Inglis cur síos mionsonraithe ar an lonnaíocht iascaireachta speisialta seo. Luaigh sé go raibh thart ar 1700 iascaire ina gcónaí sa bhaile lena mná céile agus a leanaí. ‘*I looked into hundreds of cabins; and there was scarcely one, in which I did not see the females busily engaged in spinning, making or mending nets. These they make not only for use, but for sale.*’⁶ I gceann de sceitsí Evans tá radharc mionsonraithe den taobh istigh agus gach seans gur bean ón gCladach atá ann ag obair go crua ar a tuirne.

Feictear go soiléir ina chuid líníochtaí bunaidh díograis agus fiosracht an ealaíontóra agus a dhiongbháilteacht i leith áilleacht an tírdhreacha, tithe na ndaoine agus a modh maireachtála traidisiúnta a thaifeadadh go soiléir agus go cruinn. Chreid na Halls go mbeadh buntáiste ann don tríú himleabhar dá mbeadh Evans, ealaíontóir cumasach Sasanach a bhí tar éis a chuid radhairc as Conamara a chur ar taispeáint ag taispeántais iomráiteacha i Londain, páirteach. Ba é an aidhm a bhí acu léitheoirí Shasana a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar Éirinn, chomh maith le léargas a thabhairt ar a thairbhí a bheadh sé aontas polaitiúil a bheith idir an dá thír. Ina n-imleabhair thromchúiseacha léiríonn an bheirt Hall an gá atá le hAontas trí mhodhanna ‘eolaíocha’ (tá sé seo léirithe trí úsáid fhorleathan a bhaint as fonótaí agus sleachta tagairtí as doiciméid oifigiúla), scéalta liteartha agus léaráidí áille a bhí deartha ar mhaithe le léitheoirí Victeoiriacha románsúla, íogair a mhealladh. Bíodh go raibh sé ar an eolas faoi nó nach raibh, chabhraigh pictiúir uiscedhatha Evans le cuspóir idé-eolaíoch mhuintir Hall: Aontas idir Éire agus an Bhreatain a dhlisteannú. In ainneoin go raibh a chuid saothar le feiceáil in iris thaistil ar a raibh an-tóir, níor chuir Evans radhairc as Conamara ná as Gaillimh ar taispeáint

arís ag an Old Watercolour Society nó in aon ionaid phoiblí eile, cé gur lean sé ar aghaidh ag taispeáint a chuid oibre agus é suas go maith sna blianta. Choinnigh sé air ag obair mar mháistir líníochta i gColáiste Eton go dtí 1853, tráth ar ghlac a mhac Samuel an ról.

- Buíochas le Michael Gibbons (Seandálaí, An Clochán) as an gceann seo agus radhairc eile sa bhailiúchán a aithint.
- Hall, Mr august Mrs. S.C., *Ireland, its scenery, character etc*, n.d. [1850í], Londain, vol.3, lch.456.
- Cuimsíonn bailiúchán uiscedhathanna Evans, a fuair Gailearaí Náisiúnta na hÉireann in 2008, 41 bhileog ar mhéideanna éagsúla, uiscedhathanna den chuid is mó ar pháipéar ar dhath an uachtair. Taispeánann 13 bhileog ina bhfuil fíoracha daonna, daoine ag caitheamh éadaí traidisiúnta agus iad i mbun comhrá, ag díol táirgí nó ag sníomh lín. Tá 8 radharc topagrafacha ann a bhaineann le cathair na Gaillimhe. Tá fiche pictiúr de tírdhreacha daite beoga, a thaispeánann radhairc dhrámatúla de Chonamara, sa ghrúpa freisin. Tá caoi mhaith ar beagnach gach ceann acu, tá na líocha uiscedhath úr agus is ar éigean go bhfuil dath an pháipéir tréigthe.
- Buíochas le Michael Gibbons (Seandálaí, An Clochán) as an gceann seo agus radhairc eile sa bhailiúchán a aithint.
- Hall, Mr august Mrs. S.C., *Ireland, its scenery, character etc*, n.d. [1850í], Londain, vol.3, lch.456.
- Inglis, Henry D., *A Journey throughout Ireland during the Spring, Summer and Autumn of 1834*, 1835, Londain, vol. 1, lch.27.

*Sir William Wilde,
Ileolaí Victeoiriach agus
Scr bhneoir Taistil*



Gerard Hanberry

Mar gheall ar a chumasáí a bhí Oscar

Wilde agus an bealach

tubaisteach ar chaill sé

an meas a bhíodh air, is

minic a bhain sé de shaol

a thuismitheoirí, Sir

William agus Lady Jane

Wilde a bhí ina ndaoine

neamhghnácha, astu féin.

Saol thar a bheith spéisiúil

a chaith Sir William agus

Lady Wilde agus tá áit

ar leith tuillte acu i scéal

na hÉireann. Chuir siad

a bhféiniúlacht náisiúnta

in iúl ar bhealaí nach

mbeifí ag súil leis beag ná

mór ó dhaoine a tháinig

óna leithéid de chúlra

sóisialta. Thuill Lady Jane

Wilde cáil go náisiúnta agus í i dtús a cuid fichidí de bharr véarsaí agus ailt thírghrácha a foilsíodh

sa *Nation*, an foras a bhí ag an ngluaiseacht náisiúnach ‘Éire Óg’ sna 1840idí, agus í ag scríobh

filíochta faoin ainm ‘Speranza’. Tháinig Jane Wilde, nó Jane Elgee, mar a bhí uirthi sular phós sí, ó

theaghlach saibhir Protastúnach a bhí lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Aontachtaithe Protastúnacha

diongbháilte a bhí i ngach duine acu seachas Jane. Ba de bhunú Protastúnach é William Wilde

freisin agus fréamhacha aige in Iarthar na hÉireann. Ó bhí sé an-óg, bhí William an-tógtha go deo

le hoidhreacht, cultúr, stair agus nósanna na ndaoine de bhunadh na hÉireann ar chuir sé aithne

mhaith orthu agus é ag pramsáil sna páirceanna timpeall ar theach a thuismitheoirí sa Chaisleán

Riabhach, i gCo. Ros Comáin agus thart ar eastát a sheantuismitheoirí ar thaobh a mháthar in aice

le Conga i gContae Mhaigh Eo.



Sir William Wilde (Pearson, Hesketh (1946) *Oscar Wilde: His Life and Wit*, Harper & Brothers: Nua Eabhrac agus Londain)

Aithnítear go forleathan go raibh Sir William Wilde (1815—1876) ar dhuine de na liachleachtóirí ab fhearr sa naoú haois déag. Bhí a chuid oibre sa réimse a roghnaigh sé, an mháinliacht a oftalmach, tharr barr chomh maith le bheith ceannródaíoch agus bhí a cáil idirnáisiúnta air. Ileolaí Vichteoiriach ceart a bhí ann, agus ábhair spéise agus saineolas aige a bhain le go leor réimsí eile taobh amuigh den leigheas. Bhain Sir William an caighdeán ard céanna amach i gcur chun cinn sheandálaíocht na hÉireann, gné a raibh sé bainteach leis a shaol ar fad, agus a bhain sé ina rannchuidiú le staidéar a dhéanamh ar an tsúil agus ar an gcluas. Tá a chuid iarrachtaí mar ársaitheoir agus mar bhéaloideasóir chomh ceannródaíoch céanna lena chuid oibre ar chúrsaí leighis. Agus é ag feidhmiú mar choimisinéir leighis do dhaonáireamh na hÉireann, chuir sé go mór le stair na heolaíochta leighis sa tír seo. Bhí pearsantacht dhiongbháilte aige agus thaitin fíricí, figiúirí, táblaí agus staitisticí leis, scileanna ar baineadh an-úsáid astu agus é ag obair ar dhaonáireamh na hÉireann agus freisin ar an tasc ollmhór catalóg de na déantáin a thiomsú i músaem Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhí Sir William thar a bheith fiosrach faoi gach rud, agus é bríomhar, gnóthach agus fuinniúil.

Scríbhneoir agus cainteoir poiblí breá ab ea Sir William Wilde. D’fhoilsigh sé go leor saothar suntasach ar chúrsaí leighis, seandálaíochta agus béaloidis chomh maith le cuntais ar a chuid taistil ar fud na hÉireann agus thar lear. Go deimhin, tá cuid dá chuid scríbhinní a thagann faoin seánra sin ar a dtugtar ‘Scríbhneoireacht Thaistil’, seánra a bhí an-fhaiseanta sa 19ú haois tráth ar fhoilsigh údair dála Caesar Otway, William Makepeace Thackeray, Elizabeth Charlotte agus daoine nach iad leabhair a raibh tóir orthu agus a rinne ag cur síos ar thaithí na n-údar agus iad ar camchuaireanna in Éirinn agus níos faide i gcéin. Ar an chéad fhoilseachán de chuid Wilde bhí leabhar taistil le teideal an-fhada air; bhí teidil fhada sa bhfaisean ag an am. *Narrative of a Voyage to Madeira, Tenerife and along the shores of the Mediterranean, including a visit to Algiers, Egypt, Palestyne, Tyre, Rhodes and the Holy Land.*’ (William Curry, Dublin, 1839) a thug sé ar an leabhar. Is cuntas iontach é ar a chuid eachtraí agus é ina dhochtúir óg ar long a bhí ag taistil go dtí an ‘Talamh Naofa’. Mar gheall ar an teacht isteach ón leabhar seo, leabhar ar éirigh thar barr leis, bhí airgead aige le tabhairt faoi staidéir iarchéime san oftailmeolaíocht thar lear. Chuaigh sé i mbun staidéir i dtosach in Ospidéal Moorfields i Londain sula ndeachaigh sé go Vín, ionad a raibh cáil dhomhanda air ag an am mar a bhain le máinliacht oftalmach agus cluas.

Cé go raibh sé an-ghnóthach ar feadh a shaoil, fuair Sir William am i gcónaí don scríbhneoireacht agus d’fhoilsigh sé go leor leabhar eile lena n-áirítear *The Beauties of the Boyne and Blackwater* (James McGlashan, Baile Átha Cliath, 1850), *Irish Popular Superstitions* (James McGlashan, Baile Átha Cliath, 1852) agus an leabhar b’fhéidir ba cháiliúla acu agus ba mhó a

raibh tóir air i gcónaí, *Lough Corrib, its Shores and Islands* (McGlashan and Gill, Baile Átha Cliath, 1867). Bhí leabhar Wilde *Practical Observations on Aural Surgery and the Nature and Treatment of Diseases of the Ear* (Churchill, Londain, 1853) ina théacsleabhar caighdeánach ar an ábhar agus é á úsáid ag scoláirí ar feadh na mblianta.

Rugadh William Wilde i Márta 1815 i mbaile fearainn Chill Chaoimhín, sa Chaisleán Riabhach, i gCo. Ros Comáin. Ba é an duine ab óige é de chúigear clainne a rugadh don Dr Thomas Wills Wilde, an dochtúir leighis áitiúil agus a bhean chéile, Emily Fynn, as Leamhcán agus Baile Mhic Giobúin in aice le Conga, i gCo. Mhaigh Eo.

Cuireadh oideachas ar William i dtosach báire i scoil áitiúil Erasmus Smith ar Eastát Sandford. D’fhreastail sé ar Scoil na Deoise, in Ail Finn ansin agus cuireadh é ina dhiaidh sin mar scoláire cónaithe chuig an Scoil Ríoga, i gCo. Uíbh Fhailí. Ba é athair William, an Dr Thomas Wills Wilde, an dochtúir áitiúil don Chaisleán Riabhach ó 1809 go dtí 1838. Ba mhac é le Ralph Wilde, an chéad duine de mhuintir Wilde le cur faoi sa Chaisleáin Riabhach. Is léir go raibh sé ina chónaí sa cheantar am éigin sna 1740idí nuair a deirtear faoi, i ngníomhas, ar bhealach atá cineál doiléir gur ‘margaire’ a bhí ann. Phós Ralph Wilde Margaret O’Flynn, ó chlann ársa Uí Fhloinn, agus bhí sé ina ‘fheirmeoir’ agus ina dhiaidh sin ina ‘fhear uasal’.

Bhí an-tionchar ag an saol a bhí ag William Wilde i dtús a shaoil agus é ag fás aníos i Ros Comáin ar a chuid oibre ina dhiaidh sin. Agus é ina bhuachaill théadh sé ag fánaíocht faoin tuath agus d’éirigh sé mór leis le daoine de bhunadh na háite agus fuair sé tuiscint ar na bealaí a bhí leo. Bheadh cuid mhaith dá chuid scríbhneoireachta ina dhiaidh dírithe ar taifeadadh a dhéanamh ar chultúr phobal na tuaithe, cultúr a bhí ag dul i léig sna blianta roimh an ngorta. Pictiúr tarraingteach dá óige agus léiriú idéalach, uaireanta, ar shaol na tuaithe in Éirinn roimh an ngorta, atá i leabhar Wilde, *Irish Popular Superstitions* (1852), cur síos nach dtacaíonn




Uaigh an Dr Thomas Wills Wilde, athair Sir William, seanathair Oscar Wilde, sa Chaisleán Riabhach. (Íomhá Gerry Hanberry)

Fothracha sheanteach Uí Fhloinn i mBaile Mhic Giobúin in aice le Conga. Teach sheanmháthair Oscar Wilde ar thaobh a athar; é i lár páirce gan eolas faoi níos mó agus é ligthe i ndearmad sa lá atá inniu ann). (Íomhá Gerry Hanberry)



cuntais na gcuairteoirí a tháinig ó thíortha eile leis, mar shampla an cur síos atá i leabhar De Tocqueville, *Journies to England and Ireland*” (1835). Is léir go raibh ceangal mothúchánach ag Wilde le cultúr na nÉireannach dúchasach. Dúirt sé gur teip a bhí i ndán don Ghaeilge agus ba chúis bróin dó na sean-nósanna dála “an dreoilín” agus an tine ar Oíche Fhéile Eoin a bheith ag imeacht. Léiríonn a chuid scríbhinní an tuiscint a bhí aige ar an gcreideamh láidir sa saol osnádúrtha a bhí le fáil i measc phobal na tuaithe agus ba mhór aige a ndúil sa scéalaíocht agus sna finscéalta rómánsúla. Ach, in ainneoin a mhalairt a bheith ráite in amanna, ní raibh sé in ann Gaeilge a labhairt agus d’fhéach sé air féin mar dhuine ó shliocht difriúil.

Agus é ina bhuachaill óg ba mhinic a thaistil William Wilde ó theach a athar sa Chaisleán Riabhach chun fanacht le muintir a mháthar, muintir Uí Fhloinn, a bhí ina n-úinéirí móra talún sna blianta sin i mBaile Mhic Giobúin, taobh thoir de Chonga. Is ceantar é seo atá saibhir ó thaobh láithreáin seandálaíochta agus staire de agus d’fheil an áit go mór do bhuachaill a raibh samhlaíocht aige agus a bhí lán d’fhiosracht intleachtúil. San áit seo is féidir le duine teacht ar uaimheanna doimhne a bhfuil scéalta rómánsúla bainteach leo, chomh maith le ciorcail liag dhraíochta, galláin, tuamaí meigiliteacha. Bhí na carnáin mhóra cloch ar a dtugtar ‘carn’ ann dála an chairn mhóir atá suite i mbaile fearainn Bhaile Mhic Giobúin, píosa beag ón bpríomhbhóthar



Clocha na Gléibe, as “*Loch Corrib*”, lch.129 (1955) le William Wilde

ó Chrosbhóthar go Conga. Is léir gur spreag a óige, agus gach a bhfaca sé timpeall air sna páirceanna i mBaile Mhic Giobúin agus sa Chaisleán Riabhach an spéis a bhí, ar feadh a shaoil, ag Wilde sa tseandálaíocht agus sa léann ársa.

Ba í mBaile Mhic Giobúin a thosaigh an cairdeas idir William óg agus an tAthair Peter Prendergast, an Ab deireanach a bhí ar Chonga. Bhí cónaí ar an Ab i dteach feirme ar thalamh mhuintir Uí Fhloinn áit ar choinnigh sé, i gcófra sa chistin, roinnt iarsmaí luachmhara agus rudaí nach bhféadfá praghas a chur orthu, dála Crois Chonga and the Scrín Fiacaíl Naomh Pádraig. Bhí an sean-Ab bródúil as a bheith in ann na hiarsmaí seo a thaispeáint agus an chumhacht a bhain leo a mhíniú do William óg, a léirigh, gan dabht, an-suim iontu.

Agus é seacht mbliana déag d’aois cuireadh William go Baile Átha Cliath chun staidéar a dhéanamh ar an máinliacht in Ospidéal an Dr Steevens. Bhí sé ag cur tús le turas urghnách ina ndéanfadh sé éachtaí móra i réimsí éagsúla. Chuaigh William go mór i bhfeidhm ar a theagascóirí, agus de réir mar a chuaigh sé ar aghaidh tríd an gcúrsa ceithre bliana léirigh sé díograis, tiomantas agus cumas. Ina dhiaidh sin chaith sé bliain bhreise ag déanamh staidéir ar chnáimhseachas in Ospidéal an Rotunda. Go gairid tar éis dó a cheadúnach a bhaint amach fuair sé deis iontach, gan aon choinne, dul ag seoltóireacht go dtí an Mheánmhuir.

Bhí beirt de theagascóirí William, Sir Henry Marsh agus an Dr Robert Graves ag iarraidh teacht ar dhochtúir chun freastal ar othar saibhir dá gcuid a bhí ar tí tabhairt faoi thuras go dtí an Mheánmhuir ar mhaithe lena shláinte. Bhí an t-othar, fear as Glaschú a raibh Robert Meiklam air, ina bhall den Royal Yacht Squadron agus bhí luamh gaile 130 tonna aige ar a dtugtaí *Crusader* RYS. Bhí fiabhras ar William scaitheadh beag roimhe sin and creideadh go bhféadfadh go

gcabhródh sé lena shláinte féin seal a chaitheadh in aeráid níos teo. Díreach roimhe sin agus é ar cuairt i mBaile Mhic Giobúin, dhéileáil William, go cróga agus go hinniúil, le hothair a raibh calar air, agus braitheadh go mbeadh an céimí óg in ann an rud céanna a dhéanamh dá mba ghá agus iad thar lear.

D’fhéadfadh go raibh rud práinneach eile á chur san áireamh chomh maith. Bhí an dochtúir nua-cháilithe ar tí a bheith ina athair agus b’fhéidir gur shíl duine éigin go mba inmholta ar rud é dá mbeadh sé ar shiúl ón gcathair ag am chomh híogair sin. Bhí beirt pháistí eile ag Wilde ina dhiaidh sin, agus gan é pósta, sular phós sé Jane Elgee i mí na Samhna 1851.

Ar an 24 Meán Fómhair 1837, sheol luamh Robert Meiklam, *Crusader*, agus í feistithe mar *schooner topsail*, ó Oileán Wight ag déanamh ar aeráid níos teo. Thairfead William, a raibh a chuid leabhar nótaí agus ábhair scríbhneoireachta leis, gach rud ar an mbealach, na daoine ar bhuail sé leo, an bhail a bhí ar na calafoirt, stair agus tráchtáil na n-áiteanna éagsúla, an stíl éadaí sa cheantar agus caighdeán an fhíona.

Nuair a bhí Liospóin feicthe acu, chuaigh siad trasna go Maidéara, áit ar ghlac William nótaí mionsonraithe i dtaobh saibhreas luibheolaíoch na háite agus ar aimsigh sé an fíon bán ab fhearr dar bhlais sé riamh. Ba é Tenerife an chéad stop eile agus dhreap William agus Meiklam go barr an bholcán 13,000 troigh atá ar an oileáin sin. Thóg an dreapadh fiche uair an chloig le cur i gcrích, ar dtús ar dhroim capaill agus ansin de shiúl na gcos. Tháinig siad isteach sa Mheánmhuir ina dhiaidh sin, agus stop siad ag Giobráltar agus Algiers. Lean William ar aghaidh, i rith an ama, ag taifeadadh gach rud a bhí le feiceáil.

Fiú amháin agus idir calafoirt ní fhéadfadh William fanacht socair. Nuair a bhí an long ag seoladh thar chósta na Sicile tháinig siad ar scoil deilfeanna agus rinne an dochtúir óg iarracht láithreach, le cabhair ón bhfoireann, cheann acu a ghabháil. Chomh luath agus a bhí sé aige thosaigh an fear óige fuinniúil ar dhioscadh a dhéanamh ar an iasc agus tabhairt faoi thurgnaimh amuigh ansin ar an deic oscailte. Ar aghaidh leo ansin go dtí an Éigipt, áit a ndearna William rudaí a bhí cróga, nó a d’fhéadfaí a rá a bhí amaideach fiú. Chinn sé gur mhaith leis dreapadh go dtí barr cheann d’iontais ársa an domhain. De bharr go bhfuil fargáin ina gcéimeanna an bealach ar fad suas go barr Phirimid Mhór Giza roghnaigh William an dara pirimid, a bhí i bhfad níos contúirtí, toisc go raibh an cóta nó an tsraith seachtrach cloch fós mín 140 troigh ón mbarr agus iad i gcónaí san cheart. D’imigh sé leis ansin ina aonar isteach sa bhfásach. Le titim na hoíche d’aimsigh uaimh agus chaith sé an oíche go míshocair ag iarraidh codladh ann agus Bedouins an cheantair ina thimpeall. An lá dár gcionn, tháinig William ar chlaiseanna na mumaithe agus síos leis gan leisce ar bith air, isteach sna tolláin chaola, a bhí lán le gaineamh chun iniúchadh a dhéanamh ar na tuamaí dorchá.

Shroich William agus a chompánaigh Alexandria, áit ar tháinig sé trasna ar an oibilisc cháiliúil ar a dtugtar Snáthaid Cleopatra agus é caite ar an talamh. Agus iad ar ais i gCaireo, thug William cuairt ar mhargadh na sclábhaithe agus ar an ngealtlann, áit a bhfaca sé na príosúnaigh gléasta i ngiobail ceangailte le slabhraí i gcealla beaga bídeacha, a gcuid gruaige clibíneach agus a gcuid ingne mar a bheadh crúba ann. Chaith sé roinnt laethanta freisin in ospidéal mór míleata agus scoil leighis i gCaireo ag déanamh staidéir ar na chúiseanna atá leis an ngalar súl trachoma agus an leigheas atá air. Is cinnte go raibh tionchar ag an méid a d’fhoghlaim sé faoi ghalair súl agus é i gCaireo ar an treo a rachadh sé ina ghairm bheatha sa todhchaí.

Thug siad cuairt ar Rhodes agus ansin ar Tyre tráth ar lig William a shamhlaíocht le sruth arís agus é ag smaoineamh ar an scéal faoin ionsaí fíochmhar a rinne Alexander ar an gcathair. Faoi dheireadh, shroich na mairnéalaigh an ceann scríbe a bhí beartaithe, an ‘Talamh Naofa’, agus líon ceann William le físeanna de ridirí bródúla agus na Crosáidí ar mhuin capall ag dul i dtreo na Cathrach Naofa. Thug siad cuairt ar na suíomhanna Críostaí ar fad dála An Tuama Naofa, an Via Dolorosa, Sliabh na nOlóg agus Gethsemane. Cheistigh sé barántúlacht chuid de na suíomhanna ar nós ‘stábla Bheithil’ áit ar chuir sé fearg ar an mbráthair cúnta agus é ag póirseáil thart. Sciob sé ceithre chloigeann go dána ó thuama agus é ag tabhairt cuairte ar Pháirc na Fola agus bhí siad aige agus é ag bailiú leis ar dhroim capaill.

Nuair a stop siad san Aithin ar a n-aistear abhaile bhí díomá ar William a fháil amach go gcaithfeadh cuairteoirí chuig an Acropolis ‘*wade through the mud and dirt of narrow streets and lanes*’. Bhí ceachtanna tábhachtacha faoi luach a oidhreacht náisiúnta féin á bhfoghlaim aige. D’fhan siad ocht lá san Aithin agus thug siad cuairt ar na gnáthláithreáin ar fad. Ansin shocraigh muintir Meiklam a gcuid compánaigh a fhágáil agus taisteal soir chun cuairt a thabhairt ar Constantinople, rud a lig don long, leis an bhfoireann agus an dochtúir ar bord, a bealach a dhéanamh, go traochta tuirseach, ar ais abhaile.

Nuair a d’fhill sé ar Bhaile Átha Cliath, bhí seomraí ar cíós ag Wilde ag 199, Sráid Mhór Brunswick, a bhfuil Sráid an Phiarsaigh anois air, agus thosaigh sé ag scríobh cuntas ar a chuid eachtraí bunaithe ar an lear mór nótaí a bhí aige. Níorbh fhada go raibh lámhscríbhinn críochnaithe aige den ábhar a bheadh sa chéad leabhar dá chuid a d’fhoilseofaí, *Narrative of a Voyage to Madeira and along the shores of the Mediterranean....* D’íoc an t-airgead a fuair sé ar an leabhar seo as a chuid staidéir leighis i Londain agus i Vín.

Tar éis dó a chuid staidéir a chríochnú thar lear, ba ghearr gur thuill William cáil dó féin mar liachleachtóir rathúil i mBaile Átha Cliath. Is mar seo a thosaigh gairm bheatha a d’fhágfadh go dtabharfaí onóir dó i gcuid mhaith tíortha ar fud na hEorpa agus go mbronnfaí ridireacht air



An leithinis i Loch Fí in aice leis an Lionán, áit a bhfuil sean-lóiste seilge Sir William, Illaunroe, fós ina sheasamh sa lá atá inniu ann agus cónaí ann ó am go chéile. Fuair Oscar an Lóiste le hoidhreacht agus chaith sé turais seilge ansin nuair a bhíonn sé ina mhac léinn in Oxford. (Íomhá Gerry Hanberry)



Teach Moytura in aice le Conga (Íomhá Gerry Hanberry)

sa bhliain 1864 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bheadh Sir William Wilde caithréimeach go minic le linn a shaoil ach chaithfeadh sé maireachtáil freisin trí thréimhsí ar bhain an-chrá croí pearsanta agus uaigneas tragóideach leo.

Bhí an-suim i gcónaí ag William Wilde in iarthar na hÉireann, agus d’fhilleadh sé arís agus arís eile ar an iarthar ar feadh a shaoil. Nuair a tháinig an líne iarnróid go Gaillimh as Bhaile Átha Cliath in 1851, d’fhéadfadh Wilde taisteal siar gan stró níos minice. Sa bhliain 1853 fuair sé lóiste seilge nach raibh galánta, a raibh Illaunroe air, in aice leis an gCaoláire Rua i gConamara. Deich mbliana ina dhiaidh sin cheannaigh Wilde 170 acra de thalamh mhuintir Uí Fhlóinn ó Chúirt na bhFearann Talún agus thóg sé an teach ab ansa leis, Teach Moytura, lóiste beannach dhá stór, ar dhromán ag breathnú amach ar Loch Coirib. Ghlaoigh sé ‘Moytura’ ar a theach mar gur chreid sé gur tharla cath miotasach sna páirceanna thart ar an teach. Bheadh sé seo ina áit éalaithe agus ina ionad suaimhnis dó ar feadh an chuid eile dá shaol.

Sna 1860idí rinne sé scrúdú fada ar thriantán talún a bhí idir sráidbhailte An Chrois, An Éill agus Conga. Leathnaigh sé an scrúdú seo amach ó thuaidh go dtí bruacha Loch Measca agus siar tríd an bhFairche go fána Bhinn Shléibhe. Agus aistriúchán aige de lámhscríbhinn nach bhféadfaí braith air ón gcúigiú haois déag a gcreidtear gurb é Cormac Ó Cuirnín a scríobh agus ina bhfuil cuntas ar Chath miotaseolaíoch Moytura, thaistil Wilde tríd an tuath i gcuideachta Andy Hopkins, iar-mhúinteoir agus fear a raibh an-samhlaíocht agus neart den tseanchas áitiúil aige ach nach raibh mórán tuisceana aige ar thábhacht an chruinnis ó thaobh na staire de.

Ba ghearr gur fhás scrúdú Wilde ar na suíomhanna ársa ar fad a raibh cur amach aige orthu timpeall ar Chonga nó go raibh sé ina thionscadal i bhfad níos mó. Timpeall ar Loch Coirib agus ar oileáin an locha tá iarsmaí de na réanna atá imithe thart - na cairn mhóra réamh-Chríostaí agus na liosanna, na heaglaisí ó thús ré na Chríostaíochta, na mainistreacha scriosta, na túir chloiche agus na caisleáin, tithe móra na ‘n-uasal’. Chinn Wilde suirbhé a dhéanamh ar na suíomhanna seo ar fad ag tosú amach i mbaile na Gaillimhe, suas ansin ar an taobh thoir de Loch Coirib agus síos ar an taobh eile, ag stopadh ag cuid de na hoileáin. Ba le dua, agus in amanna go díchéillí, a rinne sé mapáil agus tomhas, catalógú agus comhthéacsú ar na suíomhanna seandálaíochta agus na fothracha stairiúla go léir ar tháinig sé trasna orthu.

Bhí an obair allamuigh seo mar bhonn den leabhar is rathúla dá chuid *Lough Corrib, its Shores and Islands*, a foilsíodh in 1867 agus a bhfuil tóir fós air go dtí an lá atá inniu ann. Tá an foilseachán siamsúil seo, i bhfoirm leabhar taistil agus cur síos mionsonraithe ann ar a bhfeicfeadh duine timpeall ar Loch Coirib mar aon le scéalta agus tuairimí, agus é bunaithe ar an gcineál turais a dhéanadh Wilde féin go minic. Tugann sé a chuid léitheoirí leis ar thuras a thosaíonn

ar an Midland Great Western Railway ag Stáisiún Ceann Aistir na Cloiche Leithne i mBaile Átha Cliath ag 8.30 a.m., agus a thagann “into the great terminus of Galway at 1.45 o’clock....to emerge among the beggars into Eyre Square, surrounded by hotels, club-houses, banks, private residences and coach offices.....’. Go gairid ina dhiaidh sin bíonn na léitheoirí ar fad ar bord an ghaltáin ‘Eglinton’ agus iad á dtabhairt go Conga don dinnéar ag 6.30. Ar ndóigh, tá an rogha ag duine taisteal go Conga ar an mbóthar freisin, “a fair day’s journey of about thirty miles’. Tugann an turas bóthair deis don taistealaí/don léitheoir iniúchadh a dhéanamh ar na suíomhanna ar na bruacha agus filleadh ar Ghaillimh tríd An Mám agus Uachtar Ard.

Sonraíonn Wilde nach bhfuil sé i gceist leis an leabhar, murab ionann agus roinnt leabhar taistil comhaimseartha, “*to amuse our Saxon friends*” le “*imaginary conversations in broken English*” nó samplaí eile den “*the vulgarity of the lower order of Irish*”. Ina áit sin, tá an obair dírithe ar “*intelligent tourists, with eyes to see and hearts to admire the beauties of nature...where your architectural or antiquarian tastes may be gratified, your historic knowledge increased by the legend or the analand the hitherto neglected resources of a portion of our island may be glanced at if not profoundly studied*”. Foilsíodh an dara heagrán de *Lough Corrib its Shores and Islands* sa bhliain 1872.

Fuair Sir William Wilde bás ina theach ag 1 Cearnóg Mhuirfean ar an 19 Aibreán 1876. Cé gur chuir sé in iúl gur mhaith leis a bheith curtha i Moytura, in aice le Conga, áit a raibh a chroí, cuireadh é i Reilig Mount Jerome, Crois Harold ar an 22 Aibreán. Bhí sé ar cheann de na sochraidí ba mhó a bhí feicthe i mBaile Átha Cliath le fada an lá. I mí Dheireadh Fómhair 1971, nochtadh ar dhoras Uimh.1 Cearnóg Mhuirfean plaic i gcloch Portland a rinne an dealbhóir Michael Biggs, ag tabhairt onóir don ileolaí mór ón ré Vichteoiriach.

Deirtear ann:

Sir William Wilde, aural and ophthalmic surgeon, archaeologist, ethnologist, antiquarian, biographer, statistician, naturalist, topographer, historian and folklorist: lived in this house from 1855–1876.

*Richard Hayward:
Gaillimh agus Connachta*



Paul Clements



Richard Hayward (le caoinchead ó Paul Clements)

I lár an fichiú haois bhí ról suntasach ag Richard Hayward (1892-1964) i dtírdhreach cultúrtha na hÉireann. Ar feadh daichead bliain ba dhuine ríthábhachtach a bhí ann agus é ina scríbhneoir taistil, ina amhránaí, ina aisteoir agus ina scannánóir, agus aithne mhaith air freisin ar fud na tíre mar threoraí ar thurais agus mar bhéaloideasóir. Bhí Hayward an-cheanúil, go háirithe, ar iarthar na hÉireann agus i measc aon leabhar déag ar chúrsaí taistil a d'fhoilsigh sé, bhí dhá leabhar faoi Chonnacht agus bhain ceann eile fós le ceantar na Coiribe. Déanann Paul Clements, údar beathaisnéise Hayward, machnamh ar gach a mbíodh ar bun aige agus déanann sé an ceangal atá aige le Gaillimh agus le codanna eile den iarthar a phlé.

Cé gur rugadh é i Southport, Lancashire, d'fhás Richard Hayward aníos ar chósta Chontae Aontroma agus b'ansa leis go leor áiteanna in Éirinn. Tá a chuid leabhar taistil lán leis an stair chultúrtha, an seanchas, na finscéalta agus scéalta na dhaoine ar bhuail sé leo. Ba é *The Corrib Country*, an chéad leabhar dá chuid i dtaobh iarthar na tíre, agus foilsíodh é i 1943 tar éis dó roinnt turas a bheith déanta aige agus tréimhsí fada a chaitheamh in Óstán Chaisleán Cheapach Coircóige i gConga. Thug sé camchuaire timpeall an cheantar in éineacht leis an ealaíontóir, James Humbert Craig, péintéir tírdhreacha mór le rá agus fear ar oibrigh sé leis, le dea-thoradh, ar leabhar faoi Chúige Uladh i 1938.

Thaitin an solas uisciúil, an tírdhreach agus na lochanna leis an ealaíontóir, Craig. I measc na n-ocht líníocht is tríocha a tharraing sé bhí Sléibhte Mhám Toirc, portaigh, lucht bainte mhóna, feirmeoirí agus iascairí i mbun oibre, chomh maith le Mainistir Chonga agus Crois Chonga, Déithe na hÉille, Caisleán Cheapach Coircóige and Teach Loch Measca, áit a raibh cónaí ar an gCaptaen Boycott.

Thuig Hayward a luachmhaire a bhí scéalta na seandaoine agus i measc a chuid cleasa bhí go dtagadh sé chuig baile nó sráidbhaile agus go bhfiafraíodh sé faoin duine ba shine ar an mbaile sin. Trí theagmháil a bhí aige le sagart, an tAthair Neary, bhuail sé le seanfhear a raibh David Carney air i gConga agus thiomsaigh sé liosta de cheardaithe agus de thrádálaithe ó thús na 1860idí – ag dul siar 80 bliain nó níos mó.

Bhain sé leas as saothar an ársaitheoir ón naoú haois déag, Sir William Wilde, údar *Lough Corrib: Its Shores and Islands* (1867). Lean Hayward lorg Wilde, agus cuairt á thabhairt aige ar phaiste triantánach talún ar a dtugtar Moytura Cunga, ó thuaidh de Chonga, áit a ndeachaigh sé ag tochailt i ndumha adhlactha ón gCré-Umhaois, carn aonfhí a scrúdaigh Wilde chomh maith. Tháinig Wilde ar phróca cré maisithe ina raibh luaithreach laoch a créamadh agus ar tógadh an carn ina chuimhne. Bronnadh an próca ina dhiaidh sin ar Acadamh Ríoga na hÉireann. Luann Hayward filíocht James Clarence Mangan agus William Rooney ón naoú haois déag; tagraíonn

sé d’fhile comhaimseartha, Maurice Farley, a raibh dán dá chuid ‘The Last Stronghold’ ag dul timpeall ina cheann ionas nárbh fhéidir leis fáil réidh leis ar feadh laethanta.

Má tá leit móitíf sa leabhar, is iad na hinscibhinní iad atá ar chlocha cuimhneacháin, in eaglaisí agus ar shéadchomharthaí. Aon áit a ndeachaigh sé, thug Hayward an fhoclaíocht orthu seo faoi deara, agus chóipeáil sé na litreacha go cúramach ina iris. I sean Diméin Chill Mheáin nuair a rinne sé suirbhé ar struchtúr cloiche ar a dtugtar Teampall Déithe na hÉille, bhuail frustrachas é toisc go raibh sé ag tógáil an oiread ama air an t-inscibhinn a chuir Tiarna Chill Mheáin ar an bplaic a bhí ar an mbaois a oibriú amach:

It is nothing more than one of those ornamental farradiddles which noblemen of the eighteenth century seem to have considered necessary to the adornment of any self-respecting demesne ... a more absurd conglomeration of unrelated objects never confronted the eyes of man. ... but to which I was foolish enough to devote many maddening hours in an attempt to produce some intelligible translation or explanation.



Is sampla é an sliocht, ní hamháin den tsraith fhocal gan dealramh atá ina chanóin, ach léiríonn sé freisin tiomantas Hayward ó thaobh freagraí a fháil ar cheisteanna gan réiteach a bhain leis an stair. Nuair a tháinig a thuras chun críche, agus iarracht á dhéanamh aige teacht ar an bhfoclaíocht chruinn, chuaigh sé i gcomhairle le R.A.S. Macalister, a bhí ina Uachtarán ag an am ar Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann, agus le Brendan Adams, focleolaí ó thuaisceart na tíre. Thug sé cuimilteáin leis a rinne Peter Foy dó, agus chabhraigh an bheirt shaineolaithe leis na litreacha a bhí ar iarraidh a líonadh isteach. Bhraith Hayward go raibh formhór na n-inscibhinn oibrithe amach aige ach dúirt sé, mar sin féin,: ‘*Who composed the lengthy and absurd*

main inscription, and what information, if any, he was trying to impart to succeeding generations, is something entirely beyond my comprehension.’

Sceitse de Dhéithe na hÉille le J. H. Craig in *The Corrib County* le Hayward, 1943, lch 96

Le blianta beaga anuas, thagair an scríbhneoir Tim Robinson, a bhí ag cur faoi i gConamara, do chuairt Hayward ar an mbaois sa leabhar deiridh dá chuid *Experiments on Reality*, foilsíodh in 2019, an bhliain sula bhfuair sé bás. Dúirt Robinson gurbh é Hayward an chéad imscrúdaitheoir a rinne thras-scríobh ar an bplaic agus go ndearna sé beag is fiú den séadchomhartha, ag rá nach raibh ann ach ‘*a whim of the irresponsible landlord class*’.

Ina leabhar faoin gCoirib, chuir Hayward ocht sceitse de Ghaillimh isteach, agus bhí cúig leathanach déag faoin gcathair i ndeireadh an leabhair. Ach ní raibh ansin ach blaiseadh beag den mhéid a bhí fós le teacht ina chuid leabhair taistil faoin iarthar. Ag deireadh na 1940idí, thug sé faoi shraith de chúig leabhar topagrafacha ar Éirinn a scríobh – ceann amháin i gcás gach cúige mar a bhain le Cúige Uladh, Cúige Mumhan agus Cúige Laighean, agus dhá leabhar ar Chonnachta mar gur bhraith sé go raibh a dhóthain ábhar ann le haghaidh imleabhair ar leithligh maidir cúige an iarthair. Foilsíodh an chéad cheann acu sin, *Connacht and the City of Galway* sa bhliain 1952. Ainmníodh an dara ceann i ndiaidh na gceithre chontae: *Mayo, Sligo, Leitrim, Roscommon* agus tháinig sé sin amach i 1955. D’fhoilsigh gnólacht i Londain, Arthur Barker, an dá leabhar.

Shínigh Hayward ealaíontóir nua, Raymond Piper, ar bhuail sé leis trí Chlub Allamuigh Nádúraithe Bhéal Feirste agus a d’oibrigh sé leis ar na leabhair faoi Uladh agus Laighean. Faoin am ar bhuail siad bóthar siar bhí an comhoibriú idir Hayward agus Piper bunaithe go maith. Tar éis a dturas samhraidh d’fhill siad abhaile, ach thug siad aghaidh siar arís i mí Mheán Fómhair, i Singer 12 Hayward agus iad chomh haerach leis na héin, chun cathair na Gaillimhe a fhiosrú go mion. Chlúdaigh an bheirt fhear 8,000 míle i rith an fhómhair agus iad ag tiomáint ar fud Chonnachta. Rinne siad staidéar ar chathair agus ar chontae na Gaillimhe, chomh maith le codanna eile den chúige. Ní raibh sé éasca i gcónaí. Bhí bóithre aonriain an iarthair sclagach agus clúdaithe le deannach, go háirithe agus an aimsir tirim agus tá go leor gearáin faoin mbáisteach le feiceáil sna leabhar nótáí.

Déileálann an chéad cheann den dá leabhar seo ar Chonnacht le cathair agus contae na Gaillimhe, lena n-áirítear Oileáin Árann chomh maith le Loch Coirib. Tá 56 sceitse íogair peann luaidhe de chuid Piper sa leabhar, 19 acu dírithe ar an gcathair agus an 37 eile ar an gcontae. Thosaigh Hayward amach ag cur síos go ginearálta ar Chonnachta, agus é ag scríobh faoin stair, an gheolaíocht agus an tírdhreach. Ansin phléigh sé stair na Gaillimhe, agus dúirt sé gurb í an chathair seo ‘*the most Irish of all cities*’.

Thaitin an béaloideas agus an fhinscéalaíocht go mór le Hayward ach ba mhó aoibhnis fós a bhaineadh sé as a bheith ag iniúchadh na hoidhreachta tógtha. Dúirt sé faoi Caisleán Uí Loingsigh gurbh é ‘*the one single example today that really gives us anything approaching a picture of what the*

city must have looked like before the curse of Cromwell fell upon it. Ach cháin sé an easpa suime a cuireadh i gcosaint na hoidhreachtá tógtha:

‘Apart from the church of Saint Nicholas, there has been an appalling disregard for beauty and tradition which is perhaps more apparent in Ireland than in any other country of the civilised world. I have frequently bemoaned this utter lack of public tastes in my fellow-countrymen, this dreadful vulgarity which fills our fairest and most sacred ruined abbeys with tombs of an ugliness that must be seen to be believed.’

Cé go ndearna sé go leor gnéithe den saol áitiúil a cheiliúradh, labhair Hayward amach go minic faoin rud a chonaic sé mar easpa bróid chathartha. Go ginearálta, agus é ag taistil ar fud na hÉireann, is beag suim a chonaic sé á léiriú i gcaomhnú foirgnimh. Ach in ainneoin an cháineadh ar fad, bhí go leor rudaí a bhain le Gaillimh a raibh meas aige orthu agus rinne sé an stair iontach a bhain leis an áit a cheiliúradh. Shiúil sé na sráideanna agus na lánai, shúigh sé isteach an t-atmaisféar, agus chreid sé gurb é Caisleán Uí Loingsigh an sampla ba shuimiúla den ailtireacht intíre a bhí fós ina sheasamh sa chathair. Chaith sé an-lear ama in Eaglais San Nioclás a bhí, a dúirt sé, *‘easily the most important ecclesiastical building in the Citie of the Tribes, and one of the most notable in the whole of Ireland ... and within itself is virtually the whole history of Galway in stone!’*

Foilsíodh *Connacht and the City of Galway* i Márta 1952 i gclóirith ina raibh 2,000 cóip. Rinneadh léirmheasanna go forleathan ar an leabhar sa phreas in Éirinn agus sa Bhreatain. Sa *New Statesman and Nation*, dúirt an file Éireannach Louis MacNeice go raibh sé lom lán d’fhíricí iontacha, ach gur bhraith sé go raibh Hayward róthógtha le téarmaí ardmholtacha agus le focail dála “*lovely*” agus “*veritable*” agus gur lig sé don tírdhreach labhairt amach faoina háilleacht. Sa léirmheas in *The Times Literary Supplement*, a scríobh an file Richard Murphy, a rugadh i Maigh Eo, bhíothas den tuairim go raibh scríbhneoireacht Hayward seanfhaiseanta agus *‘seemed unaware that to see the country in the present it is necessary to look with contemporary eyes’*.

Bhí páipéir na hÉireann níos flaithiúla ina gcuid léirmheasanna. Dúirt an léirmheastóir do *Northern Whig*, Alex Riddell: *‘Hayward is a kindly guide with a good deal of knowledge – he has certainly worked to gather its great bulk – which he transmits with a hint of the manner of the good papa of the ‘Swiss Family Robinson’ leading his children through that marvellous island’*. Ina léirmheas le haghaidh *Irish Book Lover*, dúirt Kevin Faller, fear as Gaillimh, go raibh an leabhar *‘tastefully produced’* agus *‘remarkable for the pencil sketches by Raymond Piper’*. Duine ar bith a bhfuil cur amach aige ar na tírdhreacha liatha, guaireacha atá forleathan den chuid is mó i

gcúige an iarthair, beidh sé ag tnúth leis an mealltacht agus an t-atmaisféar barántúil a bheidh an peann luaidhe cumasach in ann a thabhairt dá leithéid d’obair.’ Dúirt sé freisin: *‘I doubt if another will ever replace it.’*

Beag beann ar thuairimí na léirmheastóirí, bhíodh léitheoirí ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin ag súil go mór le leabhair Hayward. Faoi thús na 1950idí bhí siopa leabhar Kenny, a bhí ar Shráid na Siopaí ag an am, tar éis díolachán fiúntach de *Corrib Country* a bheith aige agus thug sé poiblíocht dá chéad leabhar faoi Chonnacht. Is cuimhin le Des Kenny a mháthair Maureen, a bhí i mbun an ghnó, ag caint faoi na cuairteanna a thug Hayward:

During the 1940s and ’50s he used to come in and look around the books and talk to my mother for quite a long time. He would have been seeking information, asking questions about Galway and checking on sources. I remember her telling me years later that after they had chatted, he would walk down to the Wolfe Tone Bridge and look over the Corrib. Frequently she spoke about him and said he used to stare into the river for hours and she often wondered what he was thinking about. She never understood why he did that although he may have been taking notes and deliberating on his writing. His books sold very well in the shop and his writing which was anecdotal and historical was popular. I would describe his work as a cross between a journalist and a serious writer. It was after Hayward’s death, as well as the deaths of Brendan Behan, Kate O’Brien and Austin Clarke, that we decided in the late 1960s to start the picture gallery of authors as we realized that we did not have anything to remember them by.

Bhí ceangal eile le hiarthar na hÉireann ag Hayward tríd an amhránaí Delia Murphy, arbh as Clár Chlainne Mhuiris ó dhúchas í. Chuala sé a cuid amhránaíochta ag cruinniú den Irish PEN in Óstán Jurys, Baile Átha Cliath i 1937 agus, toisc go raibh sé fostaithe mar spotálaí tallainne do Decca Records, shínigh sé suas láithreach í.

Ina canúint láidir agus a guth amhránaíochta saineúil, chan sí “Three Lovely Lassies”, amhrán a thaitin go mór leis. Cuireadh oideachas ar Delia i dTuaim, i mBaile Átha Cliath, agus i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh áit ar fhoghlaím sí foinn ó Phádraic Ó Conaire ar thug Hayward scríbhneoir agus scéalaí breá Gaeilge air.

Lean Murphy agus Hayward ar aghaidh ag obair le chéile gur bhunaigh siad comhpháirtíocht rathúil a mhair ceithre bliana, agus sineirge á fhorbairt eatarthu agus iad ag amhránaíocht ar fud na tíre. Chan siad dísréid ar Raidió Éireann, lena n-áirítear ‘If I were a Blackbird’, ‘The Rose of Mooncoin’, ‘The Bantry Girls’ Lament’, ‘The Bright Silvery Light of the Moon’, agus ‘What will you do Love?’ Ba é ‘The Spinning Wheel’ an t-amhrán ba cháiliúla de chuid Murphy, amhrán a scríobhadh sa naoú haois déag.


Bhí ceangal ag Hayward le *The Quiet Man* a raibh scannánú déanta air i gConga i 1951, agus baineadh úsáid as a chóiriú ceoil ar ‘*The Humour is on me Now*’ sa scannán sin. Tugadh tuilleadh ardú meanman don mheaisín poiblíochta a bhí ag Hayward, nuair a tógadh grianghraf de Maureen O’Hara, le linn sosa, agus í go galánta ag ligean a scíth i gcathaoir agus cóip den Corrib Country aici, íomhá bhuan den réalta.



Delia Murphy agus Hayward i ngrianghraf ar phóstaer ceolchoirme (le caoinchead ó Paul Clements)



Hayward ag seinm na cláirsí – mhúin beirt bhan rialta i gclochar i gContae Aontroma dó len é a sheinm (le caoinchead ó Paul Clements)



Maureen O'Hara ar seil *The Quiet Man* ag léamh leabhar Hayward, *The Corrib Country*, 1951 (le caoinchead ó Paul Clements)

Maidir leis an dara leabhar de chuid Hayward a bhain le Connachta, *Mayo, Sligo, Leitrim, Roscommon*, a foilsíodh i 1955, trí bliana i ndiaidh imleabhar na Gaillimhe, ba i Maigh Eo a bhí an túsphointe. Chuir sé tús lena thuras i gConga, áit a raibh eolas mhaith aige air óna thréimhse ar an gCoirib, agus thug sé faoi thuras báid ar Loch Measca le Piper sular ndeachaigh sé ar aghaidh go hOileán Acla.



Féile Oisrí na Gaillimhe, 1961
(le caoinchead ó Paul Clements)

Cé gur bhain sé taitneamh as a bheith ag siúl in Acaill bhí alltacht air nuair a chonaic sé an ‘*vicious devastation*’ a rinneadh ar an tSráidbhaile Tréigthe. Bhraith sé maidir le muintir an oileáin ‘*seem to have had small regard for their monuments of antiquity, a regard which is not greatly developed in the Irish people as a whole*’.

Ar an mbealach go Sligeach d’imigh sé den bhóthar chun dul ar chamchuaire feadh na gcúlhbhóithre thart ar Loch Tailt agus scríobh sé faoin gcion a bhí aige orthu: ‘*For the green roads of Ireland ever tug at my heart, and I never tire of exploring their withdrawn beauty nor of seeking out their hidden or forgotten history.*’ Bhí sé an-tógtha go deo le céanna, rinne sé iontas de na nósanna ársa, thaitin sean-reiligiú tharr barr leis, thug sé ar ais ainmneacha a bhí caillte sa stair agus bhíodh scéalta ar nós an chuid a bhain le ‘Giollaphádraig na Troda’ agus Gráinne Mhaol mar chothú ag a mhuileann scríbhneoireachta.

Ní raibh dada ab fhearr le Hayward ná tabhairt faoi shiúlóid sna cnoic agus an deis á thapú aige a bheith ag trupáil ar fud na bportach agus ag dul i ngleic leis na beanna. Chothaigh sé a chuid léitheoirí leis an smaoineamh gur thug na cnoic saoirse don duine.

Mar gheall ar a chion ar Ghaillimh thugadh Hayward cuairt go rialta ar Fhéile na n-Oisrí ag deireadh na 1950idí agus i dtús na 60idí agus bhain sé taitneamh as an saol sóisialta agus as a bheith ag bualadh le daoine ag an ócáid.

Chomh maith le leabhair taistil a scríobh, bhí Hayward i gceannas ar ghrúpaí turais ar fud na hÉireann ar fad, toisc é a bheith páirteach i gClub Allamuigh Nádúraithe Bhéal Feirste agus bhíodh sé ag bailiú canúintí réigiúnacha.

Tá Hayward i gceannas ar ghrúpa ó Chlub Allamuigh Nádúraithe Bhéal Feirste a chuaigh go Sligeach as Bhéal Feirste um Cháisc na bliana 1961
(le caoinchead ó Paul Clements)



lena n-áirítear ceann faoin gCoirib a bhí bunaithe ar thuras a rinne sé tríd an gceantar go luath sna 1940idí, agus ceann eile faoin tSionainn, *Where the River Shannon Flows*, a bhí ceangailte lena leabhar a fhoilsíodh i 1940, tar éis dó turais a dhéanamh síos an abhainn i 1939.

I mblianta deiridh a shaoil bronnadh dámhachtainí ar Hayward, lena n-áirítear céim oinigh a bhronn Coláiste Lafayette i Pennsylvania air i mí an Mheithimh 1959. Dúradh san ardlua gur bronnadh an dochtúireacht air de bharr ‘seirbhísí oirirce do litríocht na hÉireann’ agus mar aitheantas don mhéid a rinne sé chun litríocht na hÉireann a fhorbairt agus a scaipeadh. D’aithin sé a ‘love of Ireland and Irish lore’ agus gurbh é ‘*had convened the joy in beauty and the love of the country to many.*’

Tuairiscíodh go forleathan é sna nuachtáin nuair a fuair sé bás go tragóideach i dtimpiste cairr in aice leis an mBaile Meánach, i gCo. Aontroma ar an 13 Deireadh Fómhair 1964, timpiste inar maraíodh beirt eile freisin. Dúirt a thuairisc bháis san *The Irish Times* gur ghlac Hayward ‘*took the view that the Gaelic language was the indispensable key to the understanding of Irish literature and culture, and as such should be possessed by every Irishman.*’

Fear ab ea Richard Hayward a raibh fuinneamh gan teorainn aige, uaillmhian fíochmhar, agus díograis a bhí tógalach. Is taifead iontach iad a chuid leabhar ar thír a bhí ag dul trí athrú drámatúil go sóisialta agus go polaitiúil, sular tháinig ré nua-aimseartha.

Réalta scannán a bhí ann chomh maith agus bhí sé i mbun comhlacht léiriúcháin scannán, agus é ag táirgeadh príomhscannáin a taispeánadh ar fud na hÉireann sna 1930idí. Orthu seo tá *The Luck of the Irish*, *Irish and Proud of it* agus *The Early Bird*, scannáin a raibh an-ráchairt orthu i nGaillimh, i gCeatharlach agus i gCiarraí. Rinne Hayward scannáin faisnéise,

Travel Writing: A Fifty-Year Survey



Paul Clements

'Is minic go mbíonn turas seachtrach i gceist ach é comhthreomhar le turas taobh istigh den duine, turas as a dtagann fionnachtain inmheánacha, nuair a bhuaileann taistealaithe bóthar chun aithne a chur orthu féin nó le domhainmhachnamh a dhéanamh.'

Le 50 bliain anuas, ó thart ar 1970 i leith, bíonn meascán mearaí d'ábhar sa scríbhneoireacht atá dírithe ar an taisteal agus an-lear solúbthachta agus paraiméadair leathana ag baint léi. Taobh amuigh den turas féin, agus an scéalaíocht agus an cur síos ar áit nó ar thírdhreach a théann leis, tá go leor ábhar eile a d'fhéadfadh a bheith i leabhar faoin taisteal, dála cuimhní cinn nó spioradáltacht, ceol, stair, ealaín, fealsúnacht, fiadhúlra, cócaireacht, ailtireacht, seandálaíocht agus go leor réimsí eile.

Dúirt an scríbhneoir Sasanach Jonathan Raban, a bhfuil cónaí air sna Stáit Aontaithe ó bhí na 1980idí ann, go bhfuil an scríbhneoireacht faoin taisteal ar nós 'teach atá oscailte do chách agus atá réiciúil, míchlúiteach, áit a bhfuil gach seans go mbeidh seánraí, atá an-difriúil óna chéile, sa leaba chéanna ar deireadh'. Is cuma cén t-ábhar a roghnaítear, is iad na daoine agus an áit an dá chrann taca ar a bhfuil struchtúr na scríbhneoireachta seo bunaithe. Is minic a bhíonn an comhrá i gcoilár na leabhar comhaimseartha a thagann faoi sheánra leathan an neamhfhicsin chruthaithigh. Cuimsíonn siad seo ócáidí a gcastar strainséirí ort de thimpiste, caint a chloiseann tú ag dul tharat (rud ar thug an scríbhneoir taistil as Sasana Norman Lewis 'cúléisteacht dhleathach' air, tráth) nó i gcásanna eile agallaimh atá socraithe roimh ré. Má tá tú chun 5,000 ciliméadar a chur díot le duine éigin a fheiceáil, beidh tú ag iarraidh a dhéanamh cinnte go mbeidh an duine sin ar fáil le bualadh leat. Is minic gurb é an turas seachránach nó fánach an cineál turais is fearr ar fad, nuair nach mbíonn aon cheann cúrsa ar leith leagtha síos – ach ag fánaíocht gan aon cheann scribe ar intinn agat. B'fhearr le cuid de na scríbhneoirí go mbeadh ceann scribe agus achar ama cinnte leagtha amach dá n-aistir ach is fearr le cuid eile an gliondar a thagann de bharr cor dea-chinniúna, a tharlaíonn gan aon choinne leis.

Is minic go mbíonn turas seachtrach i gceist ach é comhthreomhar le turas taobh istigh den duine, turas as a dtagann fionnachtain inmheánacha, nuair a bhuaileann taistealaithe bóthar chun aithne a chur orthu féin nó le domhainmhachnamh a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh tóraíocht i gceist chomh maith – tóraíocht gan aon bhunús leis go minic – b'fhéidir éan neamhchoitianta, magairlín íogair, píosa dealbhóireachta, damhsa flamenco nó a bheith ag leanúint lorg scríbhneora a chuaigh rompu. Tá an-tóir i gcónaí ar leabhair a leanann lorg Robert Louis Stevenson trí shléibhte Cevennes i ndeisceart na Fraince.

Uaireanta is nasc lena n-óige a bhíonn á ngríosadh, iad ag spreagadh a gcuid mothúchán le go mbíonn siad ar bior chun imeachta. Ina leabhar *In Patagonia* (1977) chuaigh Bruce Chatwin go Meiriceá Theas ar thóir an scéil a bhí taobh thiar de phíosra craicinn dineasáir a raibh sé tógtha leis agus a fuair sé i gcófra a sheanmháthar – an seithe iomráiteach brontosaurus ó chófra an teaghlaigh a bhí lán le giuirléidí – a caitheadh amach tar éis a báis. Chuir Chatwin teileagram chuig *The Sunday Times*, áit a raibh sé ag obair, len iad a chur ar an eolas, i gcúpla focal, faoina raibh ar intinn aige: 'Imithe go Patagonia.'

Níorbh fhada, áfach, go raibh an spreagadh cumhachtach a fuair sé –dul sa tóir ar phíosra de chraiceann dineasáir, ligthe i ndearmad aige, agus, ina áit sin, shocraigh sé scríobh faoin bpobal de bhunú na Breataine Bige a shíolraigh ó dhream a d'fhág an Bhreatain Bheag go luath sa 19ú haois chun éalú ó ghéarleanúint reiligiúnach, theangeolaíoch agus pholaitiúil Shasana. Sraith sciobtha de phorthráidí peann impriseanaíochas atá ann, cé gur chuir sé olc ar dhaoine áirithe agus gur chuir sé as do lucht na Breataine

Bige. Bhraith siad gur léiriú trédhearcadh a tugadh orthu agus gur laghdaigh strainséir, duine nach raibh aithne ar bith acu air agus nach raibh ina gcomhluadar ach ar feadh uair an chloig nó mar sin, iad go dtí sonraí fánacha beoga.


Mar sin féin, luaitear leabhar Chatwin mar thagarmharc a mbaintear úsáid as ó shin nuair a bhíonn leabhair thaistil eile a dtástáil. Tá a chúig leabhar i gcrios a thiteann idir seánraí, ar a dtugtar the ‘twilight of veracity’. Tá láithreach uafásach iontu, iad tearc agus aonarach, ach tarraingteach ag an am céanna, agus tá an-ceird ag baint lena chuid abairtí. Ba thaistealaí scéalaíochta é Chatwin, a fuair bás i 1989, saineolaí ar an rud neamhghnách, carachtar a bhí ina Thadhg an dá thaobh. Bhí samhlaíocht bhisiúil agus ba mheascán d’fhíricí agus d’fhicsean a bhí ina chuid leabhar. Cainteoir den scoth ab ea é, agus dúirt cara faoi tráth gur ‘mharaigh sé daoine leis an gcaint’. Ba mhinic leis a ghuth a ardú níos airde ná daoine eile, mar a bheadh éan ag geabaireacht, le gur thuill sé an leasainm: ‘Chatter, chatter, chatter, Chatwin.’

Deirtear i dtaobh *In Patagonia* le Chatwin agus *The Great Railway Bazaar* (1975) le Paul Theroux gur athchruthaigh siad an borradh a bhí faoin scríbhneoireacht thaistil sa ráithe dheireanach den fhichiú haois. Nuair a díoladh níos mó ná 1.5 milliún cóip de leabhar Theroux, spreag sé suim mhór sa taisteal, agus tugadh deiseanna sa mhargadh, dá bharr, do go leor daoine eile. Ach mar gheall ar an oll-taisteal, cláir faisnéise teilifíse a bhí in ann áiteanna i bhfad i gcéin a thabhairt isteach sna seomraí suí, agus teacht an idirlín, chuaigh an fhoilsitheoireacht ar gcúl. Chreid daoine áirithe go raibh an scríbhneoireacht ar chúrsaí taistil in ísle brí thart ar bhlianta tosaigh na 2000í, tráth a raibh claonadh in údair dul i dtreo cuimhní cinn pearsanta agus scríbhneoireacht níos machnamhaí a bhain le háit, leis an tírdhreach agus leis an nádúr.

Déanann roinnt scríbhneoirí, dála Colin Thubron, cur síos ar aistear líneach, agus é ag taisteal chuig tír nó trí roinnt tíortha éagsúla i réigiúin den Áis. Díríonn daoine eile, ar nós Jan Morris, ar an gceann scríbe agus ar a bheith san áit. Is é an tsnáithe coitianta a nascann na scríbhneoirí seo ar fad agus a thugann le chéile iad ná go mbaineann siad le traidisiún scríbhneoireachta an taistil agus na litríochta; tá cos amháin acu sa leabharlann agus an ceann eile i bpáirc thar lear nó i bpáirc sa bhaile.

Agus í ina húdar ar 26 leabhar taistil mór le rá, aithnítear go bhfuil an scríbhneoir dothuisithe Dervla Murphy, ar dhuine de na príomhscríbhneoirí ar chúrsaí taistil. D’fhág sí a baile sa Lios Mór, in iarthar Phort Láirge, chun cuairt a thabhairt ar áiteanna go leor atá i bhfad i gcéin agus contúirteach, dála an Afganastáin, an India, Iosrael, an Phalaistín, Laos agus an tSibéir – agus i gcás fhormhór na n-aistear seo thaistil sí ina haonar ar a rothar.

Téann liosta na leabhar atá foilsithe ag Murphy siar chomh fada le 1965 nuair a d’fhoilsigh sí a céad leabhar *Full Tilt: Ireland to India with a Bicycle*, scéal faoi thuras a rinne sí, gan fuacht gan faitíos, ar fud na hEorpa agus na hÁise agus ba ghearr go raibh



aitheantas faighte aici mar ghuth úr sa scríbhneoireacht ar chúrsaí taistil. Ina cuid scríbhneoireachta déanann sí iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir imeachtaí agus tuairimí pearsanta agus an mórfhictiúr. Is minic gurb é an gníomh gluaiseachta, seachas an áit a bheith bainte amach aici, an eispéireas do Murphy. Is minic freisin go mbíonn randamacht agus ala na huaire ag baint lena cinneadh cuairt a thabhairt ar thír ar leith – d’fhéadfadh gur tagairt fánach nó alt i nuachtán faoi thír áirithe a spreagfadh í.

Ar feadh níos mó ná 70 bliain thaistil Jan Morris, a fuair bás i mí na Samhna 2020, ar fud an domhain mar iriseoir agus scríbhneoir. Scríobh sí 60 leabhar taistil agus staire san iomlán, leabhair a léirigh an grá a bhí aici do chathracha agus do thíortha. I measc na leabhar is cáiliúla dá cuid tá *Venice* (1960), *The Presence of Spain* (1964) agus *Trieste and the Meaning of Nowhere* (2001). Scríobh sí beathaisnéis, cuimhní cinn agus dialanna freisin agus cuireadh a húrscéal *Last Letters from Hav*, scéal faoi stát cathrach miotasach, ar an ngearrliosta do Dhuais Booker i 1985. Foilsíodh a tríológ i dtaobh borradh agus meath impireacht na Breataine idir 1968 agus 1978 agus meastar gurb é seo croílár cultúrtha agus ealaíne a saoil.

Pé áit ar thaistil sí d’aimsigh Morris an t-éan corr, na rianta, na putha agus na bolaithe, agus tá neart samplaí den fhuaimfhoclaíocht ina cuid leabhar. Trí shruth na bhfocal is féidir leis an léitheoir an plab, an steallóg, an siosarnach agus an coipeadh a chloisteáil, an cliceáil ar shála arda nó an guth contralto ceoldrámaíochta ar foluain san aer. D’úsáid sí anamachas freisin, áit a dtugtar saintréithe agus pearsantacht an duine do rudaí nach bhfuil beo nó do phlandaí, agus buanna agus luachanna do chathracha nó d’fhoirgnimh. Scríbhneoir géarchúiseach a bhí i Morris agus ba mhinic a rinne sí ceangal idir an t-am a chuaigh thart agus saol na linne sin agus úsáid á bhaint aici as a samhlaíocht bunaithe ar an stair. Go hiondúil, ní dhéanadh sí cur síos ar a haistear chuig áit ach scríobhadh sí faoin tionchar a bhí ag an áit uirthi. Tá a cuid leabhar lán le scríbhneoireacht chéadfach agus tugann sí léi an *genius loci*, nó spiorad áite, níos fearr ná an chuid is mó de na scríbhneoirí.


Scríobhann an taistealaí Sasanach Colin Thubron, a rugadh i 1939, faoi na saintréithe tíreolaíocha agus nádúrtha a bhaineann le go leor de thíortha na hÁise. Glactar leis go bhfuil sé ina laureate i gcás na scríbhneoireachta taistil, agus tá a chuid leabhar bunaithe ar fhiosracht i dtaobh saoil ar shíl a ghlúin féin iad a bheith bagrach: An tSín, an Rúis agus Ioslam, agus ar an bhfonn a bhí air iad a dhaonnú agus a thuiscint. Sna 1960í chuir sé an-suim i rúndiamhair ilsrathach an Mheánoirthir, i saol na Moslamach agus i gcathracha intíre sa tSiria agus sa Phalaistín, agus scríobh sé leabhair faoi Iarúsailéim agus an Damaisc. Lean sé ar aghaidh gur scríobh sé trí leabhar eile faoin Meánmhuir thoir, lena n-áirítear sárstaidéar ar an gCipir i 1974. Chomh maith leis na sonraí a bhaineann leis an stair a thabhairt, cuireann Thubron beocht ina chuid ábhar trí thaighde, scoláireacht agus iomas agus is géar-bhreathnóir sóisialta é. Scríobh léirmheastóir amháin ina thaobh, uair: *‘He makes me interested in places I’m not interested in.’* Is cinnte má léann tú Thubron go méadóidh tú do stór focal toisc gur file a bhí ann agus tá stíl scríbhneoireachta liriciúil aige atá lán le doimhneacht ó thaobh na mothúchán agus é leochaileach agus íogaireach i leith na bpobal áitiúil a mbíonn sé ag taisteal tríothu. Tá duairceas ina chuid scríbhneoireachta, ach ag an céanna tá stíl mheasrtha, mhodhúil agus chomhbhách aige.

Is mar gheall ar éiginnteacht, mothúcháin agus daonnacht Thubron féin, chomh mór lena chuid fiosrachta, atá sé i measc na bpríomhscríbhneoirí ar chúrsaí taistil. Teastaíonn iarracht chun a chuid leabhar a léamh agus tuiscint a fháil ar chuid de na castachtaí a bhaineann lena chuid aistir, ach is fiú an tairbhe an trioblóid. I gcás Thubron, agus cuid eile de na scríbhneoirí, bíonn aistear eile i gceist i gcónaí sula dtosaíonn an turas féin, agus miontaighde á dhéanamh acu ar an tíreolaíocht agus ar an stair, chomh maith le grinnstaidéar ar léarscáileanna chun cúrsa an turais a leagan amach. I gcásanna áirithe foghlaimíonn sé an teanga (e.g. Rúisis agus Mandairínis Sínis), sula mbuaileann sé bóthar. Tugann sé seo buntáiste ar leith dó mar gur féidir leis labhairt le muintir na háite ina dteanga féin, agus is minic, dá bharr seo, go dtagann sé ar eolas an-suimiúil agus scéalta a bheadh caillte go hiondúil. Sula bhfágann sé an baile, d’fhéadfadh go mbaileodh Thubron ainmneacha daoine a dteastódh uaidh cuairt a thabhairt orthu. Díreach mar gheall ar go ndéanann sé réamhthaighde ní chiallaíonn sé sin nach mbíonn sé oscailte don rud a tharlaíonn gan choinne nó don chur isteach – a mhalairt atá fíor mar gur breá leis é seo agus toisc go bhfuil sé in ann an teanga a labhairt bíonn ar a chumas teacht ar chroí na háite. Mar sin féin, tá sé i gcónaí ina mháistir nuair a thagann sé chuig ag an rud suntasach a aimsiú agus fáil réidh leis an rud nach mbaineann le hábhar. Tá an leabhar is déanaí dá chuid *The Amur River: Between Russia and China* bunaithe ar thuras drámatúil feadh an deichiú abhainn is faide ar domhan agus foilsíodh é i Mí Mheán Fómhair 2021.

Ní féidir suirbhé críochnúil a dhéanamh ar a bhfuil foilsithe den scríbhneoireacht thaistil le tamall anuas gan tagairt a dhéanamh do Patrick Leigh Fermor, a rugadh i 1915 agus a dtarraingíonn an teanga ornáideach agus na focail choimhthíocha a úsáideann sé aird ar a chuid scríbhneoireachta. Ina thuairisc scoile ó Scoil an Rí, Canterbury, dúirt máistir tí Leigh Fermor: *‘He is a dangerous mixture of sophistication and recklessness which makes one anxious about his influence on other boys.’* Shocraigh sé oideachas a chur air féin agus thug sé faoi téacsanna Gréigise agus Laidine, Shakespeare, filíocht agus leabhair staire a léamh.

Is iad na leabhair is cáiliúla dá chuid ná *A Time of Gifts* (1977) chomh maith leis an gcéad cheann eile sa tsraith sin *Between the Woods and the Water* (1986). Is ionann iad seo agus dhá thrían de thríológ agus foilsíodh an t-imleabhar deireanach, *The Broken Road: From the Iron Gates to Mount Athos* (2014), tar éis don scríbhneoir bás a fháil i mí an Mheithimh 2011. Baineann na leabhair le haistear an-fhada trasna na hEorpa de shiúl na gcos, ó Hook na hÍsiltíre go Constantinople. Bhuail Patrick Leigh Fermor bóthar i 1933 agus gan é ach 18 lena bhróga tairní, a chóta mór agus a mhála droma, agus chuaigh sé ar bhád, nach raibh aon phaisinéir uirthi seachas é féin, ó Londain go dtí The Hook na hÍsiltíre. Thug sé leis chomh maith imleabhar Horace, a bhí an-tábhachtach dó, agus *The Oxford Book of English Verse*. Agus 12 mhíle ar an meán á shiúl aige in aghaidh an lae, chuaigh Leigh Fermor tríd an Ollainn, an Ghearmáin, an Ostair agus an tSeicslóvaic agus é ag leanúint, a bheag nó a mhór, cúrsaí na Réine agus na Danóibe ach le neart cor bhealaigh agus geábhanna nach raibh sa phlean. Agus é ar a bhealach bhuail sé le bacaigh, fánaithe, feirmeoirí, aoirí agus óstóirí chomh maith leis an uasalaicme, ina measc cunta ina leabharlann phríobháideach, agus chodail sé i sciobóil, botháin aoirí, báirsí, mainistreacha agus caisleáin: *‘There is much to recommend’,* a scríobh Leigh Fermor, *‘moving straight from straw to a four-poster and then back again.’*

Tráchtais atá ina chuid leabhar agus iad bainteach le go leor ábhar, agus léiríonn sé a eolasaí atá sé ar an stair, an ailtireacht, reiligiún, canúintí doléite de chuid lár na hEorpa agus seicteanna nach bhfuil mórán ar eolas fúthu. Is beag scríbhneoir i saol an Bhéarla a d’fhéadfadh dul in iomaíocht leis an bhforlámhas atá ag Leigh Fermor ó thaobh stíle de. Tá a chuid leabhar lán le claontagairtí, athsmaointe agus crostagairtí, chomh maith le nóisin díchéillí a d’fhoghlaim sé agus a bhfuil sé ráite ina dtaobh gur ‘ealaín ag ceilt ealaíne’ atá iontu.



Bhíodh madraí ag Steinbeck a shaol ar fad. Uair amháin chogain ceann acu, sotar rua a raibh Toby air, an t-aon lámhscríbhinn dá úrscéal *Of Mice and Men* a bhí aige. Mhínigh sé é seo go hígair dá ghníomhaire: *‘The poor little fellow may have been acting critically.’* Ina leabhar taistil, tugtar cuntas mionsonraithe do na léitheoirí ar lochtanna, roghanna agus claontachtaí Charley. Is compánach taistil cliste agus dea-bhéasach é, atá lárnach don tionscadal. Is minic a chabhraíonn an madra le leac an doichill a bhriseadh le daoine a mbuaileann sé leo ar an mbóthar agus tagann Steinbeck ar an tuairim gur nasc idir strainséirí é madra: *‘Charley is my ambassador ... he can’t read or drive a car, but in his own field of endeavour he has no peer.’*

Sa bhliain 1982, fiche bliain tar éis do leabhar Steinbeck a bheith foilsithe, tháinig *Blue Highways* amach, sárleabhar cultais le William Least Heat-Moon (William Trogdon an t-ainm ceart a bhí air), a raibh cúlra Éireannach, Albanach, Sasanach agus Osage aige. Bhain an leabhar seo le haistear a rinne sé timpeall na Stát i 1978 agus is éard atá ann scéalta na ndaoine agus na n-áiteanna a d’aimsigh sé ar thuras 13,000 míle feadh na gcúlbhóithre agus na mbailte beaga atá ligthe i ndearmad. Tá sé breac le húdair suntas agus rudaí aisteacha, chomh maith le splanc den ghnáthshaol. Ba é an plean a bhí aige na Stáit a thrasnú gan aon mhórbhealach cónaidhme a úsáid. Taistealaíonn Heat-Moon ar na cúlbhóithre: ‘The blue highways’ mar atá sa teideal, agus deir sé sa réamhrá go mbíodh siad marcáilte i ndath gorm ar



shean-léarscáileanna mórbhealaigh Mheiriceá: *‘Then, in truth, they carry a mysterious cast of blue and it’s that time when the pull of the blue highway is strongest, when the open road is a beckoning, a strangeness, a place where a man can lose himself.’*

Tá sé de bhua ag Heat-Moon go bhfuil sé thar barr ag caint le daoine agus ag baint chainte as daoine. Fiafraíonn sé faoina saol, éiríonn leis a dteanga a chur in iúl agus cruthaítear arís saol a bhí caillte againn. Stíl éasca atá aige agus é ag cur síos ar a bhfeiceann sé agus ar a mbíonn le rá ag daoine. Ar cheann de na rudáí is tábhachtaí tá go gcuireann sé na ceisteanna cearta. Is minic a spreagann sé seo ceisteanna eile a bhíonn in ann pictiúr a nochtadh agus an scéal a leathnú amach ar go leor bealaí. Léiríonn sé scil a bhaineann chomh mór le héisteacht agus a bhaineann sé le rud ar bith eile.

Ní fios cén tóir atá ar Leabhair Quip-lash (ní téarma liteartha é), mar a mbíonn, is cosúil scéal grinn i ngach uile alt, agus is é Bill Bryson duine de na heiseamláirí is fearr den chineál seo scríbhneoireachta. Tá an réamhrá sa chéad leabhar taistil uaidh, *The Lost Continent* (1989), ar cheann de na cinn is fearr a scríobhadh riamh: *‘I come from Des Moines, somebody had to’*. Bhí deich mbliana caite ag Bryson ina chónaí i Sasana agus ba é an plean a bhí aige filleadh ar an áit ar tógadh é agus tiomáint timpeall a thíre féin chun eolas níos fearr a chur air. Faoin am a raibh a aistear críochnaithe bhí beagnach 14,000 míle clúdaithe aige agus cuairt tugtha aige ar ocht stát is tríocha. Bhraith sé gur cheart dó a bheith buíoch beannachtach mar nár scaoileadh urchar leis nó nár mugáladh é, nár chlis ar an gcarr, agus nár bhuail aon Jehovah’s Witness bleid air. Measadh go raibh sé seo ar cheann de na leabhair ba greannmhaire a tháinig amach an bhliain sin.

Chomh maith leis an scríbhneoireacht faoin taisteal, tá roinnt leabhar eile a bhfuil an-mheas orthu scríofa ag Bryson agus iad ag plé le teanga, stair, beathaisnéis agus eolaíocht mhóréilimh. D’éirigh sé as an scríbhneoireacht in 2020, agus nuair a ceistíodh é mar gheall ar a chuid taistil, rinne sé cur síos ar a iontaí atá sé dul go dtí tír choimhthíoch: *‘I can’t think of anything that excites a greater sense of childlike wonder than to be in a country where you are ignorant of almost everything.’*

Stíl dhifriúil atá ag scríbhneoir Meiriceánach eile, Paul Theroux, a rinne a chuid taistil ar thraein, i gcarr agus i mbád trí go leor tíortha. Shílfeá i gcuid dá chuid leabhar gur cnáimhseálaí é, ach is é an turas féin an scéal aige, agus é ag díriú ar an gcrúatan, an frustrachas agus an mhoill a bhíonn i gceist. Tugann Theroux a aghaidh, ní hamháin ar thíortha, ach ar ilchríocha agus aigéin le linn a thurais eipiciúla. Den chuid is mó seachnaíonn sé, ina chuid taistil, na háiteanna a mbíonn an-tóir ag na gnáth-thurasóirí orthu, agus is minic a thugann sé tuairimí atá an-chlaonta i dtaobh daoine agus áiteanna. Ní chaitheann sé a chuid ama ag plé cúrsaí bia ná ailtireachta, is amhlaidh gur mó seans go gcáinfidh sé muintir na



háite toisc an oiread bruscair a bheith ar na sráideanna nó go mbeidh sé ag clamhsán faoi chomhrá leadránach a chompánaigh taistil. Cuid den chúis atá leis seo is ea nach dteastaíonn uaidh rómánsú a dhéanamh ar áiteanna, mar a rinne an dream a chuaigh roimhe. Tugann sé léargas soiléir orthu agus tugann sé le fios gur fíoráiteanna daonna iad a bhfuil áilleacht agus lochtanna ag baint leo. Bíonn Theroux i gcónaí neamhchlaonta, ach tugann sé gach rud faoi deara. Ní bhíonn sé ró-mhuinteartha leis na daoine a mhaireann san áit, rud a ligean don léitheoir taitneamh a bhaint as na heispéiris. Meastar gurb é an máistir é ar mhionpháirteanna a thabhairt do na mioncharachtair sa ghnáthshaol. Tá a chuid scríbhneoireachta faoin taisteal an-chosúil le húrscéal agus tá thart ar thríocha úrscéal ar fad foilsithe aige.

Tá Theroux ar cheann de na guthanna is láidre ó thaobh na litríochta taistil de le daichead bliain anuas. Tugann sé léargas ar chumhacht an leithlise agus an uaignis nuair a bhíonn duine ag taisteal agus an féinmhachnamh gruama a tharlaíonn le linn na n-aistir. Tá an-lear scríofa aige, idir scríbhneoireacht thaistil neamhfhicsin agus ficsean, agus bíonn a chuid oibre go seasta ar ardchaighdeán. Deir sé i gcónaí gur taistealaí seachas turasóir atá ann, agus tá sé in ann an mhaith agus an t-olc a láimhseáil go cothrom. Ag deireadh *The Great Railway Bazaar* (1975) scríobhann sé: *‘The difference between travel writing and fiction is the difference between recording what the eye sees and discovering what the imagination knows. Fiction is pure joy — how sad I could not reinvent the trip as fiction.’*

Le linn 2020 agus 2021, tháinig an taisteal cois tine ar ais sa bhfaisean arís toisc gur beag duine a bhí ag taisteal mar gheall ar phaindéim Covid-19. In 2021, rinne foilsitheoirí Sasanacha, dála John Murray, scéalta faoi thurais chlasaiceacha a bhí as cló a atheisiúint agus fuair siad amach go bhfuil an-spéis i gcuid de na leabhair thaistil is buaine a bhí ann le caoga bliain anuas. I dtús na 1970 idí ní bhíodh sa scríbhneoireacht faoin taisteal ach cúpla leabhar a bhíodh i bhfolach ar chúl na siopaí. Anois, áfach tógann siad suas ballaí iomlána agus dar le cuid mhaith de na léitheoirí tá siad chomh spéisiúil agus chomh tarraingteach céanna le ficsean.

William Evans of Eton, *View of Leenane, Mweelrea Mountain and Killary Fjord, Co. Galway*,
NGI.2008.36.28. Photo (c) National Gallery of Ireland



Cuntais Beathaisnéise



Paul Clements Iriseoir litríochta agus údar shaothar beathaisnéise *“Romancing Ireland: Richard Hayward 1892-1964”* (2014), a ndearna an BBC a chóiriú don teilifís. *“Shannon Country: A River Journey Through Time”* (Lilliput Press, 2020) an leabhar is deireanaí a foilsíodh leis. Áirítear ar a chuid saothair freisin, *“Wandering Ireland’s Wild Atlantic Way: From Banba’s Crown to World’s End”* (2016), agus *“Irish Shores: A Journey Round the Rim of Ireland”* (1993). Scríobhann sé léirmheasanna ar leabhair staire áitiúla agus ábhar don cholún ‘An Irishman’s Diary’ ar an *Irish Times*. Is Comhalta de chuid Green Templeton College, Oxford é Paul a bhfuil cónaí air i mBéal Feirste.



Tá an **Dr Amélie Dochy Jacquard** ina hOllamh Comhlach, i Roinn an Bhéarla, in Ollscoil Toulouse II, sa Fhrainc. Mhúin sí in Ollscoil na hÉireann (Maigh Nuad) sula ndearna sí scrúdú státseirbhíse na Fraince chun post tionachta mar múinteoir Béarla a fháil (*“Agrégation d’Anglais”*) in 2009. Fostaíodh ina dhiaidh sin í ina Cúntóir Taighde in Ollscoil Toulouse II (an Fhrainc). Dhírigh a PhD i léann na hÉireann ar an ábhar *“Cliché, Compassion or Commerce? The Representations of the Irish by the Scottish Painter Erskine Nicol (1850-1904)”*. Ghlac sí le cur chuige iarchoilíneach agus anailís á déanamh aici ar an léiriú a thug íocónagrafaíocht thorthúil Nicol. I measc ábhair spéise taighde Amélie tá an amharcléiriú ar na hÉireannaigh sa dara leath den naoú haois déag.



Múinteoir iar-bhunscoile atá ar scor, file, údar, agus ceoltóir is ea **Gerard Hanberry**, a bhfuil cónaí air i nGaillimh. I measc a chuid saothar tá *“On Raglan Road – Great Irish Love Songs and the Women Who Inspired Them”* (Collins Press, 2016), *“More lives than one: the remarkable Wilde family through the generations”* (Collins Press, 2011), agus i measc a chnuasaigh filíochta tá *“Something like lovers”* (Ebbw Vale, Wales, 2005), *“At Grattan Road”* (Salmon, 2009), agus *“What Our Shoes Say About Us”* (Salmon, 2014).



Dr Jim Higgins D’oibríodh sé ina shaorsheandálaí in Éirinn agus thar lear sular ceapadh ina Oifigeach Oidhreachta le Comhairle Chathrach na Gaillimhe é sa bhliain 1999, an chéad oifigeach den sórt sin in Éirinn. Is céimí de chuid OÉ, Gaillimh é mar ar ghnóthaigh sé céim PhD sa bhliain 2011 le tráchtas faoi dhealbhadóireacht na meánaoise i nGaillimh. Foilsíodh ábhar dá chuid go fada fairsing maidir le gnéithe den tseandálaíocht, den stair, de stair na healaíne, den bhéaloideas agus de shaol na ndaoine, den dealbhadóireacht agus den siombalachas. Is é an t-údar é ar dhá cheann déag de leabhair agus an t-eagarthóir nó an comhúdar maidir le sé cinn eile.



Ceapadh **Anne Hodge**, céimí de chuid NCAD agus COBÁC, ina Coimeádaí Priontaí agus Líníochtaí i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann in 2001. Tá sí freagrach as na hoibreacha ar na bailiúcháin pháipéir, ina bhfuil os cionn 12000 mír, agus déanann sí an Seomra Staidéir Priontaí agus Líníochtaí a bhainistiú. I measc na spéiseanna taighde atá aici tá déanamh priontaí in Éirinn, grianghrafadóireacht, líníocht tírdhreacha agus topagrafaíocht agus stair an bhailithe. Choimisiúnaigh Anne Wendy Judge chun saothar nua a chruthú don taispeántas *From Galway to Leenane: Perspectives on Landscape* (2013), agus d’oibrigh sí le Dorothy Cross ar Trove (2014), comhfhiontar idir an Gailearaí, IMMA agus Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh. I measc an iliomad taispeántas eile a raibh Áine freagrach astu tá Edvard Munch (2009) agus taispeántais Leonardo da Vinci (2016).



Scannánaíocht ar an láthair don scannán faisnéise Westward Ho! Travel Writers Remembered
<https://www.youtube.com/c/galwaypubliclibraries>

Buíochas Speisialta

Táimid faoi chomaoín ag go leor daoine as an gcomhlúadar, fios agus cúnamh iontach a thug siad dúinn agus muid ar chamchuaire trí Chontae na Gaillimhe d’fhonn Léamh Mór na Gaillimhe (Galway’s Great Read) 2021 a chur i dtoll a chéile.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do Michael Gibbons, seandálaí atá lonnaithe sa gClochán, nach bhfuil a shárú le fáil maidir leis an eolas atá aige ar Chonamara agus ar na sléibhte agus ar an tseandálaíocht a bhaineann leo. Táimid buíoch do Jim Higgins, as an treoir agus comhairle den scoth a thug sé ar gach rud a bhaineann le cúrsaí seandálaíochta, staire, cultúir agus oidhreacht.

Táimid buíoch do na cainteoirí agus do scríbhneoirí na n-aistí Paul Clements, Amélie Dochy Jacquard, Gerard Hanberry, Jim Higgins agus Anne Hodge, a roinn an t-eolas atá acu linn.

Ár mbuíochas don fhoireann ghairmiúil agus fhoighneach in GK Media, a chaith laethanta fada ar an láthair ag taifeadadh ar chosáin, ar chonairí agus i reiligí na Gaillimhe!

Maidir leis na hinstiúidí agus eagraíochtaí go léir a thug cead dúinn a gcuid íomhánna a úsáid, lena n-áirítear Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, OÉ Gaillimh agus an National Portrait Gallery (An Ríocht Aontaithe), táimid go mór faoi chomaoín agaibh.

Tá buíochas mór ag dul dár gcomhghleacaithe i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, Elizabeth Keane (Leabharlann an Taoibh Thiar) ach go háirithe, Bernie Kelly (Leabharlannaí Contae Cúnta), Sharleen McAndrew agus Aoife O’Kelly (Ceanncheathrú na Leabharlainne), Gaillimh as an gcúnamh agus tacaíocht leanúnach a thugann siad. Táimid buíoch freisin do na foirne in Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus d’fhoirne Cultúir Éire Ildánach.



Briddon, The Boatman, William Evans, in *Halls' Ireland*, 1843, p.491.



Westward Ho!

Camchuart na Gaillimhe 1840-1950

Aistí Bailithe

